An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# Plean don Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí 2014-2016

## Eanáir 2014

## Achoimre Feidhmiúcháin, Forléargas Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta

# Index


**Brollach** **2**

**Achoimre Feidhmiúcháin** **3**

**Forléargas Straitéiseach maidir le hAthchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí 2014-2020**

1.1 Béim ar Thorthaí ni níos Fearr **5**

1.2 Béim ar Lucht Úsáide na Seirbhísí **5**

1.3 Béim ar Éifeachtacht **13**

1.4 Béim ar Ionracas, ar Fhollasacht agus ar Chuntasacht **21**

1.5 Ceannródaíocht, Inniúlacht agus Tabhairt i bhFeidhm **23**

**Aguisín 1:** Plean Gníomhaíochta don Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí 2014 – 2016 **30**

## Brollach

Tá Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí ina ghné bhuntábhachtach de bheartaíocht straitéiseach an Rialtais mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíochta agus ina théama lárnach i gClár an Rialtais. Ar theacht i mbun oifige dúinn sa bhliain 2011, cuireadh Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bun ionas gur tugadh le chéile den chéad uair riamh cúram an chaiteachais agus an t-athchóiriú.

Cuireadh ar fáil bunús an chlár athchóiriúcháin is suntasaí ó bhunú an Stáit i bPlean an Rialtais d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí i mí na Samhna 2011. Leagtar amach ansin, trí mhionsonrú ar bheagnach 200 beart, an dóigh a rabhthas leis na gealltanais maidir le hathchóiriú, an chuid atá i gClár an Rialtais san áireamh, a chur i bhfeidhm. Mar is léir ón dara Tuarascáil ar an Dul chun Cinn atá á fhoilsiú in éineacht leis an bplean nua seo, tá dul chun cinn tréan déanta againn maidir leis an athchóiriú a thabhairt i gcrích.

Tá seantraidisiún in Éirinn, ar ábhar mórtais é, maidir le seirbhís a dhéanamh don phobal agus don Stát agus is den tábhacht go dtréaslaítear an cion tairbhe atá déanta maidir le téarnamh in Éirinn le blianta beaga anuas leis na seirbhísigh phoiblí. Níor cheart aon bheag is fiú a dhéanamh dá bhfuil bainte amach ag an tSeirbhís Phoiblí maidir le hathchóiriú a thabhairt i gcrích agus laghdú ar chostas an tráth céanna a bhfuil na seirbhísí céanna á gcur ar fáil ag líon níos lú foirne ainneoin éileamh breise ar na seirbhísí.

Tar éis dhá bhliain den Phlean Athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm, is tráthúil go ndéanfaí machnamh mar gheall ar an dul chun cinn go dtí seo agus go leagfaí amach an aidhm atá againn maidir le hathchóiriú breise ar an tSeirbhís Phoiblí. Agus cúrsaí airgeadais mar a bhí, ba ghá an bhéim a leagan ar ísliú costais agus ar bhearta éifeachtachta le linn chéim tosaigh an athchóiriúcháin. Agus sinn ag teannadh le riocht airgeadais níos inseasta, tá de chuspóir ardaidhme leis an gcéad chéim eile den athchóiriú Seirbhís Phoiblí a bheith ar bun a mbíonn toradh tairbheach uaithi do na geallsealbhóirí go léir, an saoránach, gnólachtaí agus an seirbhíseach poiblí féin.

Leagtar amach an dóigh ina dtabharfar sin i gcrích sa Phlean Athchóiriúcháin leasaithe seo. Ní haon bheart simplí Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus is iomaí deacracht ag baint leis, ní nach ionadh nuair atá timpeall is 290,000 ball foirne i gceist ar fud na gcéadta eagraíocht a oibríonn le chéile chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil. Agus sinn ag tosú ar an gcéad chéim eile den athchóiriúchán, tuigtear nach féidir athrú dáiríre a thabhairt i gcrích gan dúthracht leanúnach na seirbhíseach poiblí. Táthar ag tnúth le hoibriú i gcomhar leo d'fhonn na seirbhísí poiblí is fearr is féidir a chur ar fáil do mhuintir na tíre seo.



Brendan Howlin, T.D.
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe



Brian Hayes, T.D.
Aire Stáit maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Oifig na nOibreacha Poiblí

## Achoimre Feidhmiúcháin

### Réamhrá

Tá bunriachtanas le seirbhísí poiblí maidir le feidhmiú na heacnamaíochta agus na sochaí. Tuigtear go bhfuil Seirbhís Phoiblí thréan éifeachtúil ina buntáiste ag an tír ó thaobh iomaíochta. Tá cion mór tairbhe déanta ag an tSeirbhís Phoiblí in Éirinn cheana féin maidir leis an téarnamh náisiúnta agus, leis an tír ag tabhairt faoi ré nua anois tar éis chríochnú chlár an troika, ní mór don tSeirbhís Phoiblí leanúint den ról lárnach sa téarnamh leanúnach. Sa chomhthéacs sin, beidh Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ina ghné bhuntábhachtach i gcónaí den bheartaíocht straitéiseach i ndáil leis na dúshláin a chuirtear romhainn.

Dhá bhliain ó foilsíodh Plean an Rialtais don Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí, tá bearta nua athchóiriúcháin curtha i dtoll a chéile, trína gcuirtear leis an dul chun cinn maidir leis an gcéad Phlean Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus ina leagtar amach céim nua ardaidhme den chlár athchóiriúcháin.

Leagtar amach sa phlean nua seo na tionscnaimh phríomhtábhachta, ar fud na seirbhíse agus in earnálacha faoi leith, a chuirfear i bhfeidhm i rith na dtrí bliana seo romhainn. Dírítear chomh maith ar aidhmeanna maidir le hathchóiriú anonn go dtí an bhliain 2020. Tá tuarascáil ag gabháil leis an bplean seo ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an bPlean Athchóirithe reatha a chur i bhfeidhm, i ndáil le laghdú costais, feabhas ar tháirgiúlacht, níos mó seirbhísí a bheith á gcur ar fáil ar an idirlíon agus úsáid níos mó a bhaint as seirbhísí i gcomhar, chomh maith le réimsí eile.

Tá ceithre phríomhthéama ag baint leis an bPlean Athchóirithe nua seo.

### 1. Torthaí Feabhsaithe a Thabhairt i gCrích

Bhí gá le béim thréan, sa chéim roimhe seo den athchóiriú, ar an gcostas a ghabhann le seirbhísí poiblí a chur ar fáil a ísliú. Leanfar leis an obair sin sa chéad chéim eile seo den athchóiriú ach beidh béim níos treise ar thoradh níos fearr a chur ar fáil do lucht úsáide na seirbhísí. Beidh sin dírithe ar mhodhanna nua a úsáid chun seirbhísí a chur ar fáil, ina measc, coimisiúnú maidir le toradh faoi leith; níos mó seirbhísí a chur ar fáil ar mhodhanna digiteacha; agus feabhas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil ar leibhéal na hearnála agus ar leibhéal na heagraíochta.

### 2. Biseach ón Athchóiriú

Tá curtha go mór leis an éifeachtacht agus leis an táirgiúlacht sa tSeirbhís Phoiblí le blianta beaga anuas, agus beifear ag baint níos mó amach. Cosaint agus feabhsú na seirbhísí poiblí a bheidh i gceist leis an gclár athchóiriúncháin faoin bplean nua agus beidh béim á leagan i rith ré an phlean ar Shábháil don Infheistíocht. Is é atá i gceist leis sin, acmhainní a chur ar fáil trí na próisis reatha a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ó thaobh costais agus an t-airgead a shábháiltear a úsáid don infheistíocht i seirbhísí nua nó i seirbhísí feabhsaithe. Sin é Biseach an Athchóirithe agus beidh sé mar bhonn taca faoi chlár oibre an athchóiriúcháin agus ina chúnamh maidir leis an gclár oibre sin a choinneáil ar bun nuair a bhíonn an ghéarchéim airgeadais curtha dínn againn.

### 3. Digitiúchán/Sonraí Oscailte

Tá athrú níos tréine arís faoi chúrsaí teicneolaíochta. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí glacadh leis sin agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an digitiúchán agus as sonraí oscailte chun seirbhísí agus eolas a chur ar fáil ar bhealaí nuálacha. Foilseofar Straitéis TEC nua de chuid an Rialtais go luath sa bhliain 2014 ina mbeifear ag díriú ar an úsáid as teicneolaíocht nua agus as teicneolaíocht atá i mbéal a forbartha, ionas go gcinntítear an rRialtas leagtha amach de réir na riachtanas dáiríre agus go ndéantar bearta chun feabhais maidir leis an líon daoine a bhaineann úsáid as an Rialtas Digiteach.

### 4. Ionracas agus Cuntasacht

Ba cheart go bhfeicfí go soiléir don saoránach go n-oibríonn an tSeirbhís Phoiblí go cóir agus cinntí á ndéanamh, polasaithe á gcur i bhfeidhm agus seirbhísí poiblí á gcur ar fáil. Sa chomhthéacs sin, beidh an clár maidir le hathchóiriú ar chúrsaí polaitíochta ag díriú ar bhreis ionracais, follasachta agus cuntasachta chun neartú leis an muinín sa rialtas agus sna seirbhísí poiblí, agus cur leis an rialachas poiblí. Cor an-tábhachtach in a leith sin is ea páipéar comhairliúcháin a fhoilsiú atá dírithe ar threisiú le cuntasacht agus le feidhmiúlacht na Státseirbhíse.

Dírítear sa Phlean nua seo don Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí ar réimse leathan ceisteanna eile chomh maith. Tugtar san áireamh leo sin, mar shampla, córas na gcomhsheirbhísí a chur i bhfeidhm; córais nua gnó a mheas maidir le seirbhísí neamhlárnacha a chur ar fáil; athchóiriú maidir leis an soláthar poiblí; caomhchóiriú maidir le maoin sealbhais; an cheannródaíocht a neartú; agus bearta leasaithe maidir le bainistíocht acmhainní daonna.

Tá go leor bearta leasaithe i gceist ar fud na Seirbhíse Poiblí sna blianta atá romhainn a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a leagtar amach seirbhísí agus a gcuirtear ar fáil iad. Ní mór an clár athchóiriúcháin a bheith beo sobheartach; sin é an fáth a bhfuil athnuachan anois á déanamh ar an gcéad Phlean Athchóirithe. Ní mór a chinntiú go n-athraíonn cultúr na Seirbhíse Poiblí chun na dúshláin a shárú agus na deiseanna a thapú a thiocfaidh chun cinn sna blianta atá romhainn. Beidh sin ina bhonn faoi Sheirbhís Phoiblí atá níos slánchóirithe, níos sobheartaí, níos éifeachtaí agus níos dírithe ar chuspóirí straitéiseacha agus ar lucht úsáide na seirbhísí.

### Comhairle Chríochnúil

Tugadh gealltanas sa chéad Phlean maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí i mí na Samhna 2011 Seirbhís Phoiblí a chruthú a bheadh ina hábhar mórtais againn ar fad agus seirbhísí á gcur ar fáil go solúbtha sobheartach don chustaiméir. Tá tosaithe amach ag an tSeirbhís Phoiblí ar an aistear sin. Níltear chomh fada le ceann scríbe go fóill ach cuirfidh na bearta a leagtar amach sa phlean seo dlús leis an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo ionas go dtiocfaimid níos gaire don sprioc.

## 1. Forléargas Straitéiseach maidir le hAthchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí 2014-2020

**Réamhrá**

Bhí an bhéim le dhá bhliain anuas, ón uair a foilsíodh an chéad phlean maidir le hAthchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí, ar dhul chun cinn a dhéanamh go luath maidir leis an iliomad beart sa Phlean Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus ar na córais, na próisis agus na cásanna gnó a leagan amach a theastaíonn mar bhonn taca faoin athchóiriú a thabhairt i bhfeidhm go lárnach agus ar fud na Seirbhíse Poiblí go meántéarmach agus go fadtéarmach. Táthar faoin tráth seo ag tosú ar chéim an chur i bhfeidhm maidir le cuid mhór de na tionscadail mhóra athchóiriúcháin a mbeidh buntáiste suntasach astu sna blianta atá romhainn.

Ó ba ghné bhuntábhachtach de straitéis an Rialtais maidir leis an ngéarchéim a bhí i gceist, bhí cuid mhór den bhéim ar dtús, cé nach é sin amháin a bhí i gceist, ar laghdú costais agus ar luach níos fearr ar an airgead. Bhí deacracht ag baint leis sin ach, mar a leagtar amach sa tuarascáil leis seo ar an ábhar sin, rinneadh dul chun cinn suntasach.

Leanfar den bhéim ar laghdú costais agus ar éifeachtacht bhreise i rith an chéad chéim eile den athchóiriú. Chomh maith leis sin, beidh athrú go dtí béim i bhfad níos láidre ar na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach don saoránach agus don chustaiméir gnó.

### 1.1 Béim ar Thorthaí níos Fearr

Fágfaidh béim níos géire ar thorthaí athrú ar an mbealach ina leagtar amach seirbhísí agus ina gcuirtear seirbhísí ar fáil sa tSeirbhís Phoiblí agus ar an gcur chuige maidir le fadhbanna a réiteach. Bainfidh sin le hearnálacha uile na Seirbhíse Poiblí agus tá athrú suntasach i gceist ó thaobh cultúir. Ní mór an bhéim ar cheapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise, ar théarma níos faide agus ar straitéis agus ar dhlús níos fearr a thabhairt chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí d'fhonn torthaí níos straitéisí agus níos fearr don saoránach agus don chustaiméir gnó. Ní mór comhobair idir eagraíochtaí agus earnálacha a spreagadh agus a chothú ionas go dtugtar an toradh is fearr i gcrích i ngach réimse, gan bheann ar sheanteorainneacha, ar struchtúr grádanna ná ar mhodhanna oibre seanbhunaithe.

Tabharfar toradh níos fearr i gcrích trí bhéim ar lucht úsáide na seirbhísí, ar éifeachtacht agus ar ionracas agus béim láidir, mar bhonn taca faoi sin, ar cheannródaíocht, ar chumas agus ar fheidhmiúlacht. Tá cuid mhór de na torthaí a thabharfar i gcrích ar leibhéal na hearnála, mar shampla, sláinte, oideachas, rialtas áitiúil agus gnóthaí dlí agus cirt.

Dírítear aird sa roinn seo ar roinnt de na bearta straitéiseacha athchóiriúcháin a bhfuil buntábhacht leo agus a chuirfear i bhfeidhm faoi gach aon cheann de na ceannteidil sin. Leagtar amach an stiúir straitéise go ginearálta anonn go dtí an bhliain 2020. Luaitear bearta faoi leith, maille le spriocthráthanna sonracha do na trí bliana seo romhainn, sa Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an bplean seo.

### 1.2 Béim ar Lucht Úsáide na Seirbhísí

Ní mór don tSeirbhís Phoiblí leanúint den obair a dhéantar a thabhairt faoi bhreithmheas agus na réimsí ina mbíonn tairbhe faoi leith á déanamh a shonrú, le béim i gcónaí ar riachtanais lucht úsáide na seirbhíse a shásamh. Ba cheart go mbeifí sochóirithe agus oibriú níos fearr de réir córais maidir leis an bpleanáil ar sheirbhísí agus ar a gcur ar fáil.

### 1.2.1 Modhanna Nua chun Seirbhísí a chur ar Fáil

Tá an Rialtas tugtha d'úsáid níos mó as modhanna nua a chur chun cinn maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Tá scrúdú á dhéanamh maidir le seirbhísí nua agus le seirbhísí atá á gur ar fáil cheana féin d'fhonn an bealach is fearr inar féidir sin a dhéanamh a aimsiú. D'fhéadfadh go dtiocfadh san áireamh leis sin, oibriú i gcomhar le fiontair phríobháideacha, le heagraíochtaí deonacha agus le grúpaí pobail.

Is cuid bhunriachtanach den straitéis sin creatchóras nua iomaíochta a chur ar bun maidir le seirbhísí poiblí. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí tosú ag athrú ón gcóras seanbhunaithe trína dtugtaí blocdheontais d'eagraíochtaí a chuireadh seirbhísí poiblí ar fáil agus athrú ina áit sin go dtí cur chuige nua bunaithe ar chistí a scaoileadh i gcúiteamh ar thorthaí sonracha a thabhairt i gcrích. Chuige sin, ní mór creatchóras déanta cinntí maidir le gnéithe pleanála, leagan amach, feidhmiúcháin agus bainistíochta i ndáil le seirbhísí. Cinnteofar le córais leanúnacha don mheasúnacht agus don bhainistíocht feidhmiúcháin go mbíonn an cur isteach ar chaiteachas poiblí tomhaiste agus gur ar an mbonn sin a shocraítear na seirbhísí a dtugtar ciste ina leith agus na seirbhísí nach dtugtar.

*Beidh córas nua chun seirbhís a chur ar fáil in úsáid ag an Roinn Coimirce Sóisialaí nuair a chuirtear JobPath i bhfeidhm, cur chuige nua maidir le cúnamh a thabhairt dóibh siúd atá dífhostaithe le fada teacht ar fhostaíocht. Cuirfidh an Roinn soláthraithe seirbhísí fostaíochta príobháideacha/tríú páirtí ar conradh, chomh maith leis an tseirbhís fostaíochta phoiblí atá á rith ag an Roinn cheana féin agus seirbhísí fostaíochta áitiúla atá bunaithe ar an bpobal, ionas go gcuirtear cúnamh taca nua breise ar fáil ag díriú orthu siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach. Oibreoidh JobPath ar bhonn íocaíocht de réir toradh beartaíochta ionas go mbíonn na soláthraithe á ndreasú chun obair a fháil don líon is mó is féidir de na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.*

Tabharfaidh an tSeirbhís Phoiblí faoi choimisiúnú seachas mar a dhéanadh go dtí seo. Baineann leis sin an toradh beartaíochta atá de dhíth a shonrú; pleanáil agus caidreamh a dhéanamh le soláthraithe ionchais chun socrú ar bhealaí chun na torthaí sin a thabhairt i gcrích; soláthar agus conraitheoireacht a dhéanamh d'fhonn an fiúntas is mó ar an airgead a thabhairt i gcrích; agus bainistíocht a dhéanamh maidir leis na seirbhísí a chur ar fáil ionas go mbíonn siad chun sástacht an lucht úsáide. Beidh scileanna coimisiúnóireachta den saghas sin ina gcuid den ghnáth inniúlacht sa tSeirbhís Phoiblí san am atá romhainn agus déanfar clár chun an acmhainn bainistíochta agus an cumas is gá sa réimse seo a fhorbairt a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm taobh istigh de chúig bliana.

Níl i seirbhísí a bheith á gcur ar fáil ar conradh ag gnóthais san earnáil phríobháideach ach sampla amháin de chórais nua maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí córais eile a scrúdú chomh maith, mar shampla, comhfhiontar, fiontar sóisialta, agus comharfhiontar faoi úinéireacht na bhfostaithe. Beidh páirt níos mó ag an bpobal agus ag daoine den lucht úsáide sa leagan amach ar sheirbhísí agus ina gcur ar fáil, go háirithe seirbhísí sóisialta. Ní mór díriú ar aon bhac atá roimh na córais nua a chur i bhfeidhm. Tá córais nua den nuáil, bunaithe ar an bpobal, ar bun cheana féin ag eagraíochtaí deonacha chun seirbhísí a chur ar fáil maidir le cúrsaí míchumais, meabhairghalair agus cúram don

aosach agus tabharfar faoi bhearta chun cur leis an leas atá déanta ar an gcaoi sin. D'fhéadfadh go mbeadh breis cistí a chur i leith phróiseas iomaíochta i gceist leis sin.

*Is Eagraíocht Neamhrialtais de chuid na hÉireann atá in Genio. Oibríonn sé chun an Rialtas agus an earnáil daonchairdis a thabhairt le chéile d'fhonn athrú chun tairbhe a thabhairt i gcrích a chuidíonn le daoine faoi mhíbhuntáiste saol iomlán a chaitheamh ina gcomharsanacht féin. Tá trí ghné ag baint leis an gcur chuige trína dtugtar athchóiriú i gcrích agus ar cheann acu sin tá cistí a scaoileadh ar bhonn iomaíochta ionas go gcothaítear an nuáil agus éifeachtúlacht ó thaobh costais. Bíonn na deontais dírithe ar thoradh na beartaíochta agus déantar bainistíocht i ndáil le cúrsaí feidhmiúcháin. Baineann an dara gné le cúnamh taca agus le cothú cumais i measc na ngeallsealbhóirí is tábhachtaí ionas go ndéantar an bhainistíocht is gá agus go gcuirtear na hathruithe atá de dhíth i gcrích. Ar an tríú gné, tugtar faoi bheartaíocht taighde, nó cuirtear sin ar coimisiún, ionas go ndéantar toradh na hoibre a mheas.*

Ní chuirtear aon athrú, le seirbhísí a athrú go dtí córais nua soláthair, ar fhreagracht an Rialtais don phobal maidir le feidhmiú seirbhíse tríd agus tríd. Is leis an Stát i gcónaí an ról buntábhachtach maidir lena shocrú conas a dhéantar seirbhísí a mhaoiniú agus cé mhéad a chaitear orthu agus le rialú a dhéanamh ar mhodhanna na soláthraithe seirbhíse, mar shampla i réimsí de leithéid thithe altranais, seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus cúram leanaí.

Sampla maith den chur chuige nua maidir le seirbhís a chur ar fáil is ea Infheistíocht ar mhaithe le Tionchar Sóisialta (SII) lena mbaineann caipiteal príobháideach a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar bheartaíocht d'fhonn tabhairt faoi fhadhbanna sóisialta. Aontaíonn an Stát an t-airgead a aisíoc leis an infheisteoir príobháideach sa chás sin amháin go mbaintear amach na torthaí a bhíonn leagtha amach. Tugann SII deis dáiríre toradh eacnamaíochta agus sóisialta a chinntiú don Stát agus cuidiú an tráth céanna leo siúd is mó atá i mbaol. I rith na míonna seo chugainn, cuirfear tionscadal píolótach infheistíochta ar mhaithe le tionchar sóisialta chun cinn, ag féachaint le páirtnéirí infheistíochta ón earnáil phríobháideach a aimsiú chun árais chónaithe fhadtéarmacha, inmharthana, bhuanseasmhacha a chur ar fáil do theaghlaigh gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath. Beidh an tionscnamh seo dírithe ar thoradh fadtéarmach níos fearr a thabhairt i gcrích do na teaghlaigh. Sa chás seo, ní bheidh na híocaíochtaí maidir leis an toradh deiridh dlite don infheisteoir go mbíonn 85% de na teaghlaigh athlonnaithe go sásúil agus an tionóntacht á coinneáil ar bun acu ar feadh sé mhí tar éis athrú dóibh. Déanfar an tionscadal píolótach a mheas chun lón eolais a bhaint as agus a oiriúnaí a bheadh SII do chomhthéacs na hÉireann a dheimhniú.

Sampla eile is ea Ionad na Seirbhísí Críochnúla (CES), eagraíocht bheag neamhbhrabúis. Oibríonn an eagraíocht sin ar fud réimse Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus eagraíochtaí pobail ag féachaint le feabhas a chur ar thoradh na beartaíochta do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh. Oibríonn CES le hiomlán na hearnála a chuireann na seirbhísí ar fáil – Ranna Rialtais, eagraíochtaí, forais taighde agus daoine aonair a chuireann seirbhísí ar fáil ina n-oibrithe sóisialta, ina n-oibrithe óige nó ina múinteoirí dóibh – d'fhonn cuidiú leo leas níos fearr a bhaint as torthaí taighde

ionas go bhféadtar seirbhísí a fheabhsú. Oibríonn CES leis na heagraíochtaí sin d'fhonn cuidiú leo an fhianaise ó shaothair taighde agus ó chleachtadh oibre a chur chun tairbhe ionas gur féidir leo polasaithe agus straitéisí níos fearr agus pleananna níos fearr don chur i bhfeidhm a thabhairt chun cinn don earnáil sin. Cuidíonn sin le hathrú córais a chothú ar fud na hearnála.

**1.2.2 Rialtas digiteach**

Tarlaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht go luath lasta agus tá athrú suntasach, le trí bliana anuas ar na modhanna ina nglactar le seirbhísí. Tá athrú tagtha ar nósanna agus ar iompar an tsaoránaigh agus lucht gnó de réir mar a tháinig teicneolaíocht an tomhaltóra, an fón cliste, an táibléad agus an Teilifíseán cliste, chun cinn i réimsí gnó, i dtithe cónaithe, i scoileanna agus in eagraíochtaí eile seirbhíse poiblí. Mar shampla, bhí le tuiscint ó shuirbhé a rinne Eircom le gairid go mbeadh suas le 1,655,000 duine ag úsáid fón cliste in Éirinn faoi mhí Feabhra 2013 agus go raibh méadú níos mó ná faoi dhó tagtha ar líon na dtáibléad ag teaghlaigh le bliain anuas.

Ar an gcaoi chéanna a bhfuil an earnáil phríobháideach ag tosú ag teacht i dtír ar an saol nua digiteach, ní mór don tSeirbhís Phoiblí dul in oiriúint don timpeallacht nua seo. Ní rogha atá ann maidir le seirbhísí digiteacha nua a fhorbairt agus a chur ar bun, ach ceist maidir leis an dóigh ina ndéanfar sin agus an tráth a ndéanfar é.

Ní hé amháin go mbeidh Straitéis nua TEC an Rialtais ag cur leis an gcur chuige atá aontaithe cheana féin ag an Rialtas maidir le rRialtas agus Néalríomhaireacht, le béim láidir ar bhrostú leis an gcur i bhfeidhm, beifear ag díriú freisin ar an réimse maidir le Rialtas Digiteach atá ag teacht chun tosaigh. Beidh an Straitéis TEC dírithe ar thrí phríomhthéama: "dearadh don digiteacht", "infheistíocht d'fhonn claochlú" agus "ceapadh don chomhar".

Cuirfidh na réimsí a phléitear faoin gceannteideal "dearadh don digiteacht" leis na tionscnaimh a leagtar amach cheana féin in rRialtas 2012-2015 agus tabharfar isteach, de réir mar is cuí, úsáid as "digiteach de réir bhunsocraithe" d'fhonn brostú le breis feidhmíochta agus éifeachta maidir le seirbhísí poiblí. Tabharfar faoi mheas chomh maith modhanna ina dtiocfaí i dtír ar na deiseanna digiteacha nua agus na patrúin maidir le cúrsaí teicneolaíochta, maille leis na patrúin dá réir sin i measc an phobail agus lucht gnó agus an gá le haon bhearta rialúcháin, ionas go dtugtar cineál nua seirbhísí chun cinn.

Faoin Straitéis seo, éileoidh an Rialtas ar na hoifigigh ar a leagtar freagracht maidir le haonaid polasaí agus oibriúcháin i ngach Roinn / Oifig faoi leith, agus in eagraíochtaí a thagann faoina gcoimirce, a chinntiú go mbíonn na seirbhísí eolais agus idirbheartaíochta nua ar fad "digiteach ó bhunús" agus, nuair is cuí sin, glacfar le cur chuige sainordaithe "digiteach de réir bhunsocraithe". Ní mór don Rialtas freisin cur chuige fiontraíochta a chleachtadh maidir le seirbhísí digiteacha nua a thabhairt chun cinn, agus comhéadain iarratais a chur ar fáil ionas gur áisiúla is féidir leas a bhaint as na seirbhísí digiteacha nua seo.

*Tá roinnt samplaí maithe ann den chaoi ina bhfuil seirbhísí digiteacha nua á dtabhairt chun cinn 'isteach ón taobh amuigh' ag gnólachtaí, grúpaí áitiúla agus lucht díograise. Tá láithreáin de leithéid 'fixyourstreet.ie' ina lárphointí chun tuairisc a thabhairt ar nithe*

*éagsúla, mar shampla, díobháil do bhóthar nó do chosán, graffiti, soilse sráide, láthair sceite agus ceisteanna eile faoi chúrsaí draenála, bruscar agus dumpáil mídhleathach agus ceisteanna maidir le hobair chothabhála i ndáil le crainn agus réimsí féir.*

Beidh scrúdú á dhéanamh ar choincheapa níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla de leithéid chuntas gnó digiteach an tsaoránaigh maidir le seirbhísí poiblí. Mar shampla, ar an gcaoi chéanna ina mbíonn cuntas digiteach ag an saoránach le banc, le comhlacht fóntais agus le lucht miondíolacháin ar an idirlíon, ba cheart go bhféadfaí a gcuid beartaíochta leis an Stát a bhreathnú trí 'chuntas saoránaigh'.

*Déanfar córas deimhniúcháin don saoránach a thabhairt chun cinn trína gcinntítear sonraí dhuine a chosaint. Tá soláthraithe seirbhíse aontaithe áirithe ar féidir leo 'léargas custaiméara faoi leith' a thapú, bealach ag comhlachtaí poiblí chun gnéithe den tacar sonraí a ghabhann le Pearsa Seirbhíse Poiblí a dhearbhú. Ba cheart, ar an gcaoi chéanna, go mbeadh ar chumas an tsaoránaigh a chuntas saoránaigh faoi leith a thapú chun bainistíocht i ndáil le sonraí pearsanta áirithe a dhéanamh, mar shampla, seoladh poist a athrú, agus chun stair a gcuid idirbheartaíochta a bhreathnú.*

Déanfar réimse feidhmchlár faoi leith a fhorbairt chun úsáid a bhaint as an ardán don Léargas Custaiméara faoi Leith. Giorrófar ar an gcaoi sin an t-am a theastaíonn chun beart caidrimh a bhaineann le héileamh nó le hiarratas ón saoránach ar sheirbhísí poiblí a dhearbhú agus a phróiseáil.

Chomh tábhachtach céanna, ní mór lucht oibre níos cumasaí, níos soghluaiste agus níos tugtha don réimse digiteach a thabhairt chun cinn sa tseirbhís phoiblí trí phlean Lucht Oibre 2020. Ní mór an teacht ar sheirbhísí digiteacha agus ar fheidhmchláir nua a fhorbairt ionas go mbíonn ar chumas oibrithe seirbhíse poiblí agus d'acmhainn iontu leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach atá ag teacht chun cinn chun dul i gcaidreamh leis na saoránaigh agus freastal orthu ar bhealach nua, atá cóiriúil don chuspóir agus slán. Ní mór, ina bhun sin a dhéanamh, cinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcosaint agus socrú ar an mbealach is fearr leis sin a thabhairt i gcrích an tráth céanna a ndéantar caomhchóiriú ar sheirbhísí don phobal. Díreofar le Bille nua maidir le Roinnt agus Rialachas Sonraí ar oibriú na Seirbhísí Poiblí sa ré nua digiteach agus na cásanna inar féidir sonraí a roinnt go dlisteanach agus go slán.

*Tar éis sonraí maidir le próisis idirbheartaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí a thiomsú agus a thabhairt faoi anailís, sonróidh Oifig Phríomhoifigeach Eolais an Rialtais an 20 réimse idirbheartaíochta is mó tábhacht agus díreofar ar bhealaí chun feabhas suntasach a thabhairt i gcrích i ndáil leo sin trí dhigitiúchán. Tá le tuiscint ón anailís tosaigh ar na sonraí go bhfuil deis shuntasach ann an t-ualach riaracháin ar an saoránach a mhaolú trí phróisis simplithe agus digitiúcháin, an costas ar an Státchiste a laghdú agus cur leis an roinnt agus leis an inchomhoibreacht idir seirbhísí. Déanfar obair bhreise anois chun na sonraí tosaigh sin a dhearbhú agus foilseofar toradh an iniúchta faoi dheireadh Ráithe 1, 2014.*

Díreofar leis an Straitéis TEC ar an ngá atá le béim nua, maidir leis an gcaiteachas ar TEC, ar an gcur chuige "Infheistíocht d'fhonn Claochlú". D'fhág srianta leanúnacha maidir le hacmhainní ar feadh na mblianta go bhfuil an chuma ar an gcaiteachas ar TEC i gcuid mhaith eagraíochtaí go raibh an bhéim ar "na soilse a choinneáil lasta". Tá 'easnamh teicneolaíochta' i gcuid mhór áiteanna ar fud na Seirbhíse Poiblí agus ní mór an infheistíocht i gcúrsaí TEC a dhíriú an tráth seo ar nuáil agus ar athnuachan ar an eastát TEC.

Ní mór béim a leagan ar chaighdeánú leanúnach, ar chuíchóiriú agus ar chomhtháthú na gcóras TEC cúloifige. Ní mór tabhairt faoi roinnt sonraí mar phrionsabal mórthábhachtach maidir leis an mbeartaíocht chun nuachóiriú a dhéanamh ar dhéanamh na seirbhíse agus le húsáid níos minice as féinseirbhís agus ní mór glacadh le cur chuige nua maidir le caidreamh leis an saoránach sa ré digiteach.

*Tar éis clárú agus dearbhú a dhéanamh maidir leis an gCárta Seirbhísí Poiblí (PSC), a tugadh isteach ionas gurbh fhurasta seirbhísí Rialtais a thapú, beidh ról mór ag an infreastruchtúr PSC le bonn taca a chur faoi nascadh cuí idir na córais agus faisnéis a aistriú sa ionas go gcinntítear nach gá don saoránach faisnéis atá in áit eile ar an gcóras a thabhairt an athuair. Tá níos mó ná 500,000 Cárta Seirbhísí Poiblí eisithe go dtí seo. Tá an PSC in úsáid faoi láthair maidir le híocaíochtaí Leas Sóisialach agus le scéim an phas Saorthaistil. Le himeacht ama, beidh athrú ag teacht air go dtí gurb é an modh é inar furasta don saoránach an ceart atá ar sheirbhísí poiblí a dhearbhú agus beidh an t-infreastruchtúr atá mar bhonn taca faoin gCárta in úsáid mar bhonn taca faoi réimse seirbhísí eile a thabhairt i gcrích chomh maith.*

Ligeann an Cárta Seirbhísí Poiblí (PSC) do dhearbhú níos luaithe i ndáil le duine faoi leith, rud a laghdaíonn go mór ar na hacmhainní is gá chun cinn a dhéanamh gach uair a gcuireann duine den phobal isteach ar sheirbhís agus ar an am a chaitear le hiarratas a phróiseáil. Mar shampla, tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ag obair le chéile cheana féin chun cinntiú go ndéantar roinnt eolais maidir le clárú PSC i ndáil leis na próisis chlárúcháin maidir leis an PSC agus an ceadúnas tiomána a thabhairt le chéile.

Go gearrthéarmach, beidh an Cárta ag teacht in ionad an Chárta Slándála Sóisialaí ó thaobh feidhme de ach go meántéarmach tá deiseanna ann é a thabhairt isteach mar leagan malartach d'ógánaigh, mar chárta lucht foirne a bhféadfaí faisnéis bithmhéadrachta a chur leis, mar mhodh postála maidir le huimhir PIN agus a úsáid mar mhodh chun dearbhú ar líne a chur ar fáil a mbeidh gá leis chun cur isteach ar sheirbhísí áirithe.

Go fadtéarmach, beidh deiseanna ann é a úsáid mar Chead Cónaithe AE, mar Chárta Aoise de chuid an Gharda agus i réimse earnálacha eile nuair a bhíonn gá le dearbhú agus deimhniú agus nuair is gá iarratas faoi leith a dhéanamh maidir le seirbhísí.

*Fágfaidh Aitheantas Aonair Sláinte (IHI) a thabhairt isteach, mar chuid den Straitéis rShláinte, ar féidir a cheangal leis an uimhir PPS ar fud Infreastruchtúr an Chárta*

*Seirbhíse Poiblí nár cheart go n-iarrfaí sonraí ar an othar ach an t-aon uair amháin nuair a thugtar isteach san ospidéal é. Cinnteofar leis an IHI go mbíonn faisnéis faoi shláinte phearsanta an tsaoránaigh i bhfad níos cruinne agus níos cothroime le haimsir agus go dtarlaíonn aon bhearta is gá i bhfad níos tráthúla ná mar a tharlaíodh. Beidh an IHI a thabhairt isteach faoin Straitéis rShláinte ina dhroichead trasna bearnaí eolais idir an t-othar agus an lucht leighis agus beifear in ann diagnóis a dhéanamh ón dara láthair agus oideas leighis a ordú, agus ní bheidh ar othair oiread ama a chaitheamh ag taisteal chuig coinní den chineál is rialta. Anuas air sin, ó tharla gur i bhformáid leictreonach a bheidh an fhaisnéis phearsanta, is féidir an t-eolas a bheith ag dul in éineacht leis an othar*.

Cuirfear le taithí an chustaiméara ar sheirbhísí leis an úsáid as lón anailíse níos fearr agus comhroinnt chuí ar fhaisnéis. Beidh lucht úsáide seirbhísí in ann déileáil aon uair amháin leis an Rialtas ar fud réimse níos leithne de sheirbhísí digiteacha. Is luaithe a bheidh toradh ar a gcuid beartaíochta ag an lucht úsáide nuair a chuirtear isteach ar cheadúnas tiomána, nuair a chuirtear isteach ar shochair, nuair a chláraítear le haghaidh ranganna nó nuair a bhítear ag plé leis an tseirbhís sláinte. Sa chomhthéacs sin, is é príomhchuspóir atá leis an mBille maidir le Roinnt Sonraí agus Rialachas atá beartaithe, go gcinnteofaí nach n-iarrtar eolas arís agus arís eile ar an saoránach nuair atá an t-eolas sin cheana féin in áit eile i gcóras na seirbhíse poiblí.

Feictear gur féidir sonraí oscailte a bheith ina gcionsiocair le breis follasachta, cuntasachta agus feidhmiúlachta maidir leis na seirbhísí poiblí mar gheall ar lón eolais níos forleithne agus beartas á cheapadh. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí teacht i dtír ar chórais anailíse níos fearr agus níos saoire maidir le sonraí a bheith ar fáil nuair atáthar ag féachaint le feabhas a chur ar an bhfeidhmiúlacht agus ar thorthaí saothair. Anuas air sin, ní mór teacht i dtír ar an luach tráchtála atá le sonraí oscailte chun réimse de ghnóthais nuálacha a chothú. Tá réimsí sonraí oscailte ar fáil go furasta cheana féin a bhféadfaí leas a bhaint astu ar bhonn tráchtála, mar shampla sonraí atá ar fáil trí Dublinked ar líon na gcoisithe in áiteanna i gcathair Bhaile Átha Cliath ón mbliain 2007 anuas, sonraí faoi chaighdeán an uisce ar thránna Fhine Gall agus sonraí faoi spotaí WiFi ar fud na cathrach.

Is féidir sonraí oscailte a úsáid ar bhonn tráchtála chomh maith chun feidhmchláir a fhorbairt trína laghdaítear ar an gcostas a ghabhann le hídiú fuinnimh in árais, oifigí de chuid na seirbhíse poiblí san áireamh, trína gcothaítear ceangal idir an tomhaltóir ar cás leis an ní a cheannaíonn sé agus an té óna gceannaítear é agus fiú amháin nod a thabhairt do chomhlachtaí faoi dheiseanna sonracha inar féidir cur isteach ar chomórtas maidir le caiteachas teoranta na Seirbhíse Poiblí.

Tá tuiscint mhaith ag an Rialtas agus ag an tSeirbhís Phoiblí ar an bprionsabal maidir le "Ceapadh don Chomhar". Ní mór brostú le Néal-líonra an Rialtais agus Catalóg Néalseirbhísí an Rialtais a thabhairt isteach agus ionas go n-íslítear costais agus go gcuirtear leis an bhfeidhmiúlacht. Tá réimse d'ardáin eile bainistíocht eolais i gcomhar le tabhairt isteach maidir le seirbhísí a chur ar fáil agus bonn treise le cur fúthu trí chur chuige cuí maidir le bainistíocht aitheantais.

*Tá laghdú suntasach tugtha i gcrích ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an am próiseála maidir le custaiméirí IMAT Tráth ar Bith, trí chóras anailís baoil aontrátha a chur isteach agus tá tástáil déanta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí freisin ar chur chuige den chineál céanna chun feabhas a chur ar thráthanna freagra agus laghdú ar líon cásanna calaoise.*

Tá tionchar bunúsach den tairbhe as an úsáid as seirbhísí néalríomhaireachta maidir le seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil agus córais nua gnó a thabhairt chun cinn san earnáil phríobháideach. Ó thaobh seirbhísí nua "digiteach ó bhunús" a thabhairt chun cinn, brostóidh Straitéis Néalríomhaireachta an Rialtais a chur i bhfeidhm agus Catalóg Seirbhísí Néalríomhaireachta an Rialtais a thabhairt i gcrích leis an úsáid as seirbhísí néalríomhaireachta ar fud na Seirbhíse Poiblí chomh maith le bonn treise a chur faoin mbéim ar "dhearadh don digiteacht".

Beidh an soláthar maidir le tráchtearraí TEC á thabhairt le chéile faoi choimirce na hOifige um Sholáthar Rialtais tríd an gComhairle Catagóra TEC. Cuirfear comhaontuithe ceadúnais i gcoitinne ar bun agus cártaí rátaí aonair a bheidh mar ghnáthnós oibre.

### 1.2.3 Feabhas ó thaobh an chustaiméara

Agus athrú á chur ar an gcaoi ina gcuireann an Stát seirbhísí ar fáil, ní mór athrú ó bhonn ar an gcaidreamh le lucht úsáide na seirbhísí. Ní mór caidreamh dáiríre lánbhrí leis an saoránach agus leis an gcustaiméir gnó má tá an tseirbhís a chuirtear ar fáil le freastal don riachtanas atá orthu dáiríre seachas d'aon tuairim maidir leis an riachtanas.

Tugadh tionscadal píolótach maidir le Cuntas Caighdeánach Bainc chun críche i mí Márta 2013. Cuirfidh cuntas den chineál sin a bheith ag duine feabhas ar na seirbhísí airgeadais do dhaoine nach bhfuil cuntas bainc acu faoi láthair. Cuireadh an tuarascáil faoin togra píolótach faoi bhráid an Rialtais i mí na Nollag 2013. Tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí cuirfear tús go luath sa bhliain 2014 le cuntas caighdeánach bainc a thabhairt isteach ar fud na tíre d'fhonn a thabhairt i bhfeidhm a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh mhí Meán Fómhair 2014.

Mar gheall ar an gcineál idirbheartaíochta a bhíonn idir an custaiméir agus lucht na seirbhísí poiblí, is ar an leibhéal eagrúcháin is mó a tharlaíonn caidreamh leis an saoránach agus feabhas don chustaiméir agus leagfar an bhéim maidir le hathrú ar an réimse sin. Cuirfear le caighdeán na hidirbheartaíochta idir an Stát agus lucht úsáide na seirbhísí trí leas a bhaint as Cairteacha an Chustaiméara a mbeidh Pleananna Gníomhaíochta don Chustaiméir mar bhonn taca leo. Éileofar ar eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí chomh maith dul i gcomhairle le custaiméirí d'fhonn na réimsí sin a shonrú inar gá gníomhú ar dtús chun feabhas a chur ar an tseirbhís a thugtar.

Is samplaí den fheabhsú ar leibhéal na hearnála ar an tseirbhís don chustaiméir giorrú ar amanna feithimh agus córais faisnéise níos fearr a thabhairt chun cinn in ospidéil;

cead cainte níos mó a bheith ag tuismitheoirí maidir le cineálacha na mbunscoileanna a bhíonn ar fáil sa phobal; caidreamh níos fearr ag údaráis áitiúla leis an saoránach; agus slánchóiriú níos iomláine san earnáil dlí agus cirt ionas go gcuirtear seirbhís níos caomhchóirithe ar fáil do dhaoine sa phobal.

Ní mór d'eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí cinntiú go mbíonn teacht níos áisiúla ar a gcuid faisnéise agus a gcuid idirbheart. Ní mór don tSeirbhís Phoiblí an fhoclaíocht a úsáidtear sa chaidreamh le lucht úsáide seirbhísí a shimpliú. Ní mór béim níos tréine ar chur ar úsáid gnáth-theanga ar fud na Seirbhíse Poiblí ar fad, agus dúthracht níos géire ina leith, ionas gur fusa a thuigtear foirmeacha iarratais agus eolas agus gur fearr an tseirbhís dá réir sin ó thaobh an chustaiméara agus gur lú a bhíonn gá le caidreamh agus comhfhreagras arís agus arís eile. Chomh maith leis sin, ní mór béim a chur an athuair ar na próisis gnó a fheabhsú go hinmheánach agus os comhair an chustaiméara. Ba chóir go mbeadh an úsáid as modhanna feabhsúcháin maidir le próisis gnó níos forleithne arís ionas go gcuirtear deireadh le céimeanna oibre nach bhfuil gá leo agus le maorlathas do lucht úsáide na seirbhísí.

### 1.3 Béim ar Éifeachtacht

Tá dul chun cinn mór déanta cheana féin maidir le laghdú costais agus feabhsú táirgiúlachta sa tSeirbhís Phoiblí. Ní mór béim a chur an athuair ar na réimsí sin agus ar réimsí nach iad d'fhonn costais a ísliú níos mó agus leagtar amach roinnt réimsí tús áite thíos.

#### 1.3.1 Costas na Seirbhíse Poiblí agus Cúrsaí Táirgiúlachta

Tá athrú suntasach agus athstruchtúrú ag teacht ar an tSeirbhís Phoiblí le roinnt blianta anuas d'fhonn breis críochnúlachta agus éifeachtachta i mbun freastal do riachtanais an tsaoránaigh agus an Stáit. Bhí roinnt tionscnamh athchóiriúcháin d'fhonn modhanna níos fearr chun seirbhís a chur ar fáil mar bhonn taca faoin bhfeabhas ó thaobh éifeachtúlachta agus tháinig an feabhas ó thaobh éifeachtachta den chuid is mó ó laghdú ar líon na bhfostaithe agus ó fheabhas ar ghnásanna oibre, de réir Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Tá laghdú beagán sa bhreis ar 30,000 ar líon na ndaoine sa tSeirbhís Phoiblí ó bhuaicleibhéal 320,000 na bliana 2008, go dtí níos lú ná 290,000 - ísliú beagnach 10% - agus tá laghdú 17% tagtha ar bhille pá an Státchiste i rith na tréimhse céanna.

De réir mar atáthar ag teannadh le leibhéal níos inseasta maidir le bille pá na Seirbhíse Poiblí, is é a bheidh de chuspóir straitéiseach breis solúbthachta a fhágáil ag an leibhéal feidhmiúcháin ionas gur fearr is féidir bainistíocht a dhéanamh agus ord tábhachta a leagan amach maidir le leibhéil foirne de réir mar a bhíonn éileamh ar sheirbhísí poiblí, agus ag an am céanna smacht daingean a choinneáil ar bhille pá poiblí foriomlán an Státchiste. Bhí gá leis an Moratorium ar Earcaíocht agus ar Ardú Céime sa tSeirbhís Phoiblí chun líon na Seirbhíseach Poiblí a ísliú agus sin mar bheart polasaí, i ndáil leis an ngéarchéim airgeadais, nach raibh i gceist riamh go mbeadh sé ina pholasaí buan. Faoin bPlean Athchóirithe seo, beidh socruithe tarmligthe nua á leagan amach agus á dtabhairt i bhfeidhm de réir a chéile maidir leis an mbainistíocht ar acmhainní foirne a mbeidh pleanáil straitéiseach maidir leis an lucht saothair de bhonn taca léi.

Is é atá á chur romhainn cultúr a chur ar bun lena mbaineann feabhsú leanúnach ar an gcaoi ina gcuirtear seirbhísí poiblí ar fáil agus ar an lucht foirne, leis na bainisteoirí Seirbhíse Poiblí dírithe ar an athrú a thabhairt i gcrích a fhágann nach gá acmhainní foirne feasta i réimse amháin ionas gur fearr is féidir fónamh a dhéanamh i réimse eile. Cuirfidh an cumas tairbhe éifeachtachta den chineál sin a shonrú agus a infheistiú an athuair le buanú an chlár oibre athchóiriúcháin nuair a bheidh deireadh le géarchéim airgeadais na linne seo. Beidh gá le cur chuige níos forbheartaí agus níos straitéisí ag bainisteoirí sa tseirbhís phoiblí maidir leis an mbainistíocht ar acmhainní foirne.

Tá dhá chuspóir leis an gcur chuige nua seo: an costas a ghabhann le seirbhísí poiblí a chur ar fáil a choinneáil ar leibhéal inacmhainne agus inbhuanaithe go meántéarmach agus ligean don tSeirbhís Phoiblí freastal go sochóirithe do riachtanais an tsaoránaigh. Is léiriú an dá aidhm sin ar an gcuspóir is bun leis an athchóiriú. Ar fud earnálacha éagsúla na Seirbhíse Poiblí – sláinte, oideachas, rialtas áitiúil agus cúrsaí dlí agus cirt san áireamh – bainfidh an t-athchóiriú le héifeachtacht a thabhairt i gcrích agus sábháil a dhéanamh ar féidir a úsáid chun freastal do sheirbhís nua nó breise. Beidh rudaí a dhéanamh ar bhealach nua i gceist leis, próisis a bhfuil a ré caite a thabhairt chun aire, glacadh go fonnmhar leis an teicneolaíocht agus an buntáiste ón éifeachtacht a eascraíonn uaidh sin a chur chun tairbhe chun leathnú agus feabhsú a chur ar sheirbhísí go ginearálta.

Is féidir Gardaí oilte a shaoradh ó dhualgas riaracháin agus a chur ar ais i mbun dualgais leis na daoine tríd an athchóiriú. Ar an gcaoi chéanna, is féidir díriú maidir leis an tseirbhís sláinte ar an leas is fearr is féidir a bhaint as an am a chaitheann lucht leighis leis an othar agus a laghad is féidir de chúram riaracháin a éileamh orthu. Ní ceisteanna simplí na samplaí sin, ná samplaí eile den chineál céanna, ach ba cheart, mar phrionsabal bunúsach leis an athchóiriú, tús áite a bheith le haidhmeanna dá sórt.

Déanann daoine sa tSeirbhís Phoiblí fónamh, gach tráth den lá agus den oíche, maidir le seirbhísí poiblí bunriachtanacha a bhfuil leas astu ag an bpobal ar fad. Tá cion mór tairbhe déanta ag seirbhísigh phoiblí maidir leis an téarnamh airgeadais sa Stát trí bhearta éagsúla ón mbliain 2009 i leith a chuidigh le bille pá na Seirbhíse Poiblí a ísliú ón mbuaicleibhéal €17.5 billiún sa bhliain 2009 go dtí leibhéal measta €14.1 billiún sa bhliain 2013. Chomh maith leis an mbuntáiste suntasach ó thaobh costais, bhí tábhacht mhór le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh maidir leis an mbealach a réiteach do bhearta mór athchóiriúcháin agus d'athruithe san ionad oibre a thabhairt i gcrích, le linn ré síochána maidir leis an gcaidreamh tionsclaíochta agus leanúint den tseirbhís a chur ar fáil.

Tá Comhaontú Bhóthar Haddington anois ina bhunús le cionroinnt €1 billiún breise de bhille pá agus pinsean na Seirbhíse Poiblí a chur i leith théarnamh airgeadais an Stáit. Tá an Comhaontú sin ar an margadh táirgiúlachta is mó riamh i stair an Stáit. Beidh tábhacht leis mar bhunús le hathchóiriú agus feabhsú sa tSeirbhís Phoiblí trínar féidir leasuithe atá inmharthana go fadtéarmach agus athrú san ionad oibre a thabhairt i bhfeidhm.

Chomh maith le laghdú suntasach €1 billiún ar bhille pá agus pinsean na seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích, tá na bearta leasaithe agus agus na hathruithe ar ghnásanna oibre a luaitear i gComhaontú Bhóthar Haddington ina ndeiseanna eisceachtúla maidir le feabhsú mór ó thaobh táirgiúlachta a thabhairt i gcrích ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Mar chuid de sin, cinnteofar gur féidir leis an lucht bainistíochta seirbhísí a choinneáil ar bun agus a fheabhsú in ainneoin laghdú ar líon na foirne trí sholúbthacht maidir le leasú ar shocruithe uainchláir ionas go gcuirtear acmhainní ar fáil de réir na mbuaicleibhéil éilimh. Anuas air sin, bainfear úsáid as uaireanta breise chun laghdú ar ragobair le pá agus ar chostais gníomhaireachtaí agus chun síneadh a chur le huaireanta oscailte oifigí poiblí agus seirbhísí teileafóin.

*Déantar soláthar faoin gComhaontú do 15 milliún uair an chloig oibre breise ar fud earnálacha uile na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear 5.2 milliún uair an chloig oibre breise in earnáil na sláinte, 4.4 milliún uair an chloig oibre breise in earnáil an oideachais, 3 milliún uair an chloig oibre breise sa Státseirbhís, 1.5 milliún sa Rialtas Áitiúil agus beagnach 0.5 milliún sa Gharda Síochána. D'fhonn an leas is iomláine a bhaint as na huaireanta breise faoin gComhaontú, is den bhunriachtanas go dtugann an lucht bainistíochta sa tseirbhís phoiblí modhanna nuálacha chun cinn maidir leis na huaireanta breise sin a úsáid.*

Foráiltear faoin gComhaontú freisin do shocruithe níos éifeachtúla maidir le baill foirne a athlonnú idir earnálacha agus ó thaobh na tíreolaíochta de. Cuirfidh sin leis an tsolúbthacht maidir le lucht foirne a chur i mbun na réimsí is mó a bhfuil gá leo iontu, ionas go gcinntítear leanúnachas seirbhíse agus chun déileáil le buaicleibhéil oibre de réir mar a thagann siad chun cinn ionas go gcoinnítear seirbhís ardchaighdeáin ar siúl don phobal.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hathstruchtúrú ar an tSeirbhís Phoiblí le blianta beaga anuas. Fágfaidh bearta faoin gComhaontú maidir le hathstruchtúrú ar an lucht foirne gur féidir caomhchóiriú a dhéanamh ar an tSeirbhís Phoiblí agus eagraíocht níos éadroime agus níos éifeachtaí a dhéanamh aisti trí laghdú ar líon an lucht bainistíochta le fairsingiú ar réimsí cúraim agus trí chaomhchóiriú maidir le gráid.

Cuideoidh na bearta sin le hathrú fadtéarmach inbhuanaithe a thabhairt i gcrích sa tSeirbhís Phoiblí a leanfaidh níos faide ná ré an Chomhaontaithe, ionas go gcinntítear Seirbhís Phoiblí nua-aimseartha, éifeachtúil, chaomhchóirithe againn atá oiriúnach don chuspóir agus inniúil ar sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil.

### 1.3.2 Seirbhísí i gComhar

Is beag an fhorbairt, ó thaobh coincheapa agus seift gnó, a bhí déanta maidir le seirbhísí i gcomhar gur tháinig Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2011. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an dá ghné sin. Tá an léarchóras straitéiseach á chur i bhfeidhm de réir na gcéimeanna. I gcás na Státseirbhíse, tá Ionad na gComharsheirbhísí AD agus Pinsean, PeoplePoint, i mbun feidhme faoin tráth seo; beidh 17 n-eagraíocht de chuid na Seirbhíse Poiblí ag aistriú go dtí Comharsheirbhísí Pá-rolla i rith na bliana 2014; táthar ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile le tionscadal na gComharsheirbhísí Bainistíochta Airgeadais; agus táthar i mbun scrúdú bonnlíne agus cásanna gnó a dhéanamh maidir le bearta Foghlama agus Forbartha.

*Tá PeoplePoint i mbun feidhme ó mhí Márta 2013 agus freastal á dhéanamh anois ar líon is mó ná 15,000 fostaí ar fud 13 eagraíocht. Faoin tráth a mbíonn na Ranna agus na comhlachtaí eile aistrithe go dtí an córas agus PeoplePoint i mbun feidhme go hiomlán, agus freastal á dhéanamh ar 40 eagraíocht, beidh sábháil mheasta €12.5 milliún in aghaidh na bliana á déanamh agus laghdú 17% ar líon na foirne i mbun AD trasghníomhaíochta.*

Sa tSeirbhís Phoiblí, tá straitéisí agus cláir faoi leith maidir le seirbhísí i gcomhar á dtabhairt chun tosaigh ag earnáil an oideachais, earnáil na sláinte agus earnáil an rialtais áitiúil. Ní mar a chéile an dul chun cinn go dtí seo i leith na n-earnálacha éagsúla sin. Luaitear mar chuid den straitéis Seirbhísí i gComhar d'Earnáil na Sláinte gealltanais go ndéanfar Seifteanna Comharsheirbhísí náisiúnta maidir le hearcaíocht agus pinsin a mheas chomh maith le córas náisiúnta pá-rolla agus córas airgeadais a chur i bhfeidhm. Luaitear mar chuid de straitéis Earnáil an Oideachais gealltanais Seirbhís Pá-rolla i gComhar do na Boird Oideachais agus Oiliúna a thabhairt chun cinn, chomh maith le feidhmeanna eile cúloifige a mheas i ndáil lena n-oiriúnacht maidir le Seirbhísí i gComhar. In earnáil an Rialtais Áitiúil, tá obair ar siúl chun Seirbhísí Pá-rolla i gComhar a chruthú agus déanfar staidéar féidearthachta agus cás gnó a ullmhú i ndáil le Cuntais le hÍoc. Beidh cártaí scóir measta feidhmíochta á dtabhairt chun cinn i ngach earnáil d'fhonn tuairisc a choinneáil ar thorthaí ardleibhéil agus ar tháscairí feidhmíochta mórthábhachtacha trína dtugtar deimhniú maidir le feidhmíocht na nIonad Comharsheirbhísí. Anuas air sin, tá scrúdú á dhéanamh ag gníomhaireachtaí agus ag comhlachtaí neamhthráchtála ar mhúnlaí nua cur chuige i gcomhar lena mbaineann lárú agus braisliú.

*Cuirfidh Comhairle Chontae Laoise tús le seirbhísí Pá-rolla agus Aoisliúntais i gComhar a chur ar fáil thar ceann na n-údarás áitiúil ar fad i rith na bliana 2014. Tosóidh na húdaráis áitiúla, ó mhí Eanáir 2014 amach, d'aistriú i ndiaidh a chéile go dtí an chomharsheirbhís nua. Meastar go dtabharfar sábháil €4.3 milliún i gcrích nuair a bhíonn an tseirbhís i mbun feidhme go hiomlán.*

I rith na dtrí bliana seo romhainn, beidh an soláthar comharsheirbhísí á leathnú ar fud na Seirbhíse Poiblí. Beidh feidhmeanna cúloifige eile agus feidhmeanna níos sainiúla á meas maidir lena n-oiriúnacht do sheirbhísí i gcomhar. Beidh tábhacht le hinfheistíocht i bhforbairt inniúlachta agus i bhforbairt daoine chun cuspóirí na lárionad maidir le caighdeán seirbhíse, feidhmíocht agus cultúr a bhaint amach. Beifear ag féachaint le modhanna oibre níos nuálaí a thabhairt chun cinn sna lárionaid bhunaithe d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse de réir mar is mó an inniúlacht sna daoine atá ag obair sna hIonaid Comharsheirbhísí. Beidh gá le hinfheistíocht leanúnach maidir le seifteanna teicneolaíochta i riocht agus go mbrostaítear éifeachtúlacht níos mó agus nuáil níos mó ionas go dtugtar i gcrích an tairbhe iomlán a d'fhéadfadh a bheith as seirbhísí i gcomhar, an tráth fiú amháin a mbeadh srianta i bhfeidhm maidir le hinfheistíocht. Beidh buntábhacht leis sin maidir le seifteanna fadtéarmacha den inmharthanacht a thabhairt i gcrích.

Cuirfear Oifig Náisiúnta Seirbhísí i gComhar ar bun, ar bhonn riaracháin ar an gcéad dul síos. Cuirfidh an oifig sin comhairle ar fáil maidir le cinntí bunaithe ar fhianaise i ndáil le seirbhísí i gcomhar agus treoir maidir le seirbhísí i gcomhar a chur i bhfeidhm. Ón mbliain 2017, nuair a bheidh lárionaid comharsheirbhísí i mbun feidhme go hiomlán, is é a bheidh de straitéis comhdhlúthú agus comhtháthú a dhéanamh maidir leis an bpróiseáil ar idirbhearta agus feidhmeanna níos sainiúla a thabhairt i gceist. Déanfar deiseanna nua oibriú ar bhonn ilearnála a scrúdú agus a thapú nuair is cuí sin. Déanfar modhanna malartacha agus hibrideacha chun seirbhís a chur ar fáil a scrúdú d'fhonn leas a bhaint as bealaí nua agus as saineolas faoi dhéanamh seirbhíse. D'fhéadfadh go mbeadh gá le modhanna nua comhordúcháin agus comhrialachais.

### 1.3.3 Soláthar Poiblí

Shonraigh an Rialtas sa chéad Phlean Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí go raibh Leasú maidir leis an Soláthar Poiblí ar cheann de na cláir buntábhachta agus go raibh suntas leis maidir le cuidiú leis an easnamh airgid a thabhairt isteach. Ceapadh an Príomhoifigeach Soláthair (CPO) i mí Eanáir 2013 agus tá plean curtha i dtoll a chéile chun athstruchtúrú agus nuachóiriú a dhéanamh maidir le gnóthaí soláthair ar fud na Seirbhíse Poiblí, ag teacht leis na moltaí ón athbhreithniú seachtrach a rinneadh i samhradh na bliana 2012. D'aontaigh an Rialtas Plean Chur i bhFeidhm an CPO i mí Aibreán 2013. Mar chuid den leasú, tá athstruchtúrú le déanamh ar fheidhmeanna oibriúcháin i réimse an tsoláthair go mbíonn córas seirbhísí i gcomhar níos lárnaithe ar fáil. Tagann an Rialtas Lárnach, Sláinte, Rialtas Áitiúil, Oideachas, cúrsaí Dlí agus Cirt agus cúrsaí Cosanta i gceist.

Fágfaidh an leasú maidir le gnóthaí soláthair gur féidir sábháil shuntasach a dhéanamh trí dhíriú ar bhealach cuimsitheach ar réimsí caiteachais a bhíonn ar fud na Seirbhíse Poiblí i gcoitinne.

*Táthar ag díriú ar shábháil suas le €500 milliún i rith tréimhse trí bliana a thabhairt i gcrích leis an gClár Athchóirithe maidir le Cúrsaí Soláthair agus sin bunaithe ar bhonnlíne sa bhliain 2012 de chaiteachas €6.6 billiún in aghaidh na bliana ar féidir díriú air tríd an gcóras nua le ceannasaíocht ón lár a thabhairt isteach. Éileofar ar an gcaoi sin ar Ranna agus ar Ghníomhaireachtaí oibriú go cruthaitheach trí na córais nua soláthair agus athrú a chur ar an gcaoi a ndéantar ceannachán, an rud a cheannaítear agus an méid a cheannaítear ionas go dtugtar sábháil i gcrích don Stát. Is den tábhacht freisin go mbeifí ag cloí go docht leis na socruithe nua ar fud na Seirbhíse Poiblí.*

Bainfear sábháil amach trí na deiseanna a mheas in éineacht leis an gcustaiméir inmheánach trí Chomhairlí Catagóra. Féachfar leis na deiseanna seo a thapú le trí cinn de 'Réanna Soláthair' in imeacht trí bliana, agus béim le gach maidhm faoi leith ar réimsí éagsúla caiteachais. Beidh an t-ord tábhachta bunaithe ar an tsábháil mheasta a d'fhéadfaí a bhaint amach maidir le catagóir caiteachais, i gcodarsnacht leis an dícheall chun an tsábháil a thabhairt i gcrích. Déanfar tionscadail chun díriú ar na réimsí caiteachais a thiomsú i bpunann don bhliain ar a dtugtar Ré Soláthair. Beidh soiléire maidir leis na spriocanna, na torthaí is féidir a thabhairt i gcrích, na geallsealbhóirí agus na tráthchláir i ndáil le gach tionscadal faoi leith. Leanfaidh gach Ré Soláthair tuairim is 9 nó 12 mí agus beidh éagsúlacht ó bhliain go bliain maidir leis na tionscadail.

Is suntasach an méid oibre a éilítear ar an gcustaiméir ó thaobh scrúdú a dhéanamh ar an éileamh agus cúrsaí sonraíochta, féachaint leis an éileamh a mhaolú agus teacht ar aontú maidir le sonraíocht , agus cuidiú leis an bpróiseas tairisceana; ina ainneoin sin, beidh an tsábháil a bhaintear amach i bhfad níos mó ná costas an tsaothair sin.

Bhí athstruchtúrú suntasach ar na heagraíochtaí soláthair ar fud na Seirbhíse Poiblí i gceist leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) nua a chur ar bun. Beidh níos mó ná 200 ball foirne san oifig nua a bheidh ag plé le tuairim is 60% den chaiteachas. Eagraíocht soláthair ghairmiúil a bheidh san oifig nua ina mbeidh an bhéim ar fhorbairt, ar fhoghlaim agus ar cháilíochtaí agus infheistíocht á déanamh sna réimsí sin. Is beart nua oiread sin de lucht foirne ó oifigí éagsúla ar fud na Seirbhíse Poiblí a thabhairt le chéile in aon oifig amháin agus ní mór modh nua oibre a chruthú agus cultúr nua a chur ar bun san oifig. Beidh gá le hearcaíocht straitéiseach i ndáil le scileanna, oiliúint agus forbairt ar an lucht foirne agus infheistíocht i gcórais chun bonn treise a chur faoi na socruithe nua.

Ní mór córais cuí mar bhonn taca faoi na socruithe soláthair nua. Faoi láthair, is ar éigean atá sonraí soláthair ar bith ar fáil sa tSeirbhís Phoiblí agus ní dhéantar códú leanúnach ar an ábhar ná ar na seirbhísí a sholáthraítear. Cuireann sin bac ar na meithleacha soláthair maidir le réimsí caiteachais a shonrú agus a rangú, soláthraithe a shonrú agus a rangú agus tagarmharcáil a dhéanamh maidir le praghsanna. Fágann sin gur rí-annamh a dhéantar deiseanna a mheas. Déanfar córais a sholáthar don chlár seo trínar sofheicthe an caiteachas agus le himeacht ama, déanfar códú ina leith sin. Fágfaidh an clár chomh maith gur féidir leis an gcustaiméir earraí agus seirbhísí a cheannach trí aon acmhainn margaidh amháin arna oibriú tríd an ngréasán, mar a bheadh ceannachán ar bith á dhéanamh ar an idirlíon. Déanfar scrúdú freisin maidir le córais iomlána Ceannacháin agus Íoca ach d'fhéadfadh an t-am, an dua agus an costas a bhainfeadh lena leithéid de sheift a thabhairt i bhfeidhm ar fud na gcóras airgeadais éagsúil sa tseirbhís phoiblí a bheith ina chonstaic maidir le seift den saghas sin a oibriú.

Go meántéarmach agus go fadtéarmach, is dócha go dtiocfaidh an córas nua soláthair chun aibíochta agus go dtiocfaidh athrú ar na modhanna chun sábháil a thabhairt i gcrích ó mhodhanna soláthair simplí go maith, mar shampla tiomsú ollsoláthair, caomhchóiriú sonraíochta, etc. go dtí cur chuige níos casta de scoth an chineáil, mar shampla cur chuige ísliú costais i gcomhar leis an soláthraí, dearadh i ndáil le costas, gnóthachan i gcomhar etc. Beidh infheistíocht leanúnach de dhíth chuige sin i bhforscileanna lucht foirne, in anailís ar an margadh agus i seirbhísí comhairle maidir le sainréimsí. Sábháil inbhuanaithe an toradh a bheidh ar an infheistíocht sin.

Beidh na modhanna soláthair maidir le hearraí agus seirbhísí níos lárnaithe ná mar a bhí riamh agus tiocfaidh brú áirithe dá thoradh sin in earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide (SME). Féachfaidh an OGP le polasaithe a chur i bhfeidhm a chuideoidh le hearnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide a threisiú, ionas gur féidir le gnólachtaí nuálacha conarthaí Rialtais a ghnóthú in Éirinn agus thar lear.

Cuideoidh athrú ar an bpolasaí maidir le conarthaí Rialtais d'obair thógála le muinín agus feidhmíocht a chothú an athuair agus an earnáil sin ag téarnamh. Beidh an polasaí soláthair

á úsáid freisin chun bonn treise a chur faoi ghnéithe de bheartas an Rialtais maidir le cúrsaí inmharthanachta, cuimsiú sóisialta, cúrsaí míchumais agus r-chumasú na heacnamaíochta.

Meastar go mbeidh an soláthar ina dheis straitéiseach mórthábhachta go fadtéarmach ag an Rialtas maidir le héifeachtacht a thabhairt i gcrích agus é in úsáid freisin chun tionchar a imirt ar fhorbairt shocheacnamaíochta.

### 1.3.4 Bainistíocht maidir le Sócmhainní Maoine

Is le maoin sealbhais a bhaineann an costas riaracháin is airde don tSeirbhís Phoiblí seachas an costas maidir le pá agus pinsin. Ní mór an laghdú suntasach ar líon na foirne sa tSeirbhís Phoiblí a thabhairt san áireamh maidir leis an mbainistíocht ar phunann maoine an Stáit, glacadh le gnásanna níos oiriúnaí maidir le spás agus caighdeáin níos oiriúnaí maidir le feisteas, agus na hathruithe ar mhodh dhéanamh na seirbhíse mar gheall ar thionscnaimh athchóiriúcháin a thabhairt san áireamh, mar shampla breis digitiúcháin agus seirbhísí ar aon láthair agus seirbhísí i gcomhar a thabhairt isteach. Beidh sábháil ó thaobh riaracháin as athchóiriú a dhéanamh ar an mbainistíocht maidir le sócmhainní maoine chomh maith leis an mbealach a réiteach d'éifeachtúlacht bhreise sa chaoi a dtugann an tSeirbhís Phoiblí faoin ngnó.

Is féidir buntáiste suntasach a thabhairt i gcrích má oibríonn bainisteoirí sócmhainní maoine ar fud na Seirbhíse Poiblí i gcomhar ag féachaint leis an mórchuspóir ginearálta a thabhairt i gcrích a bhaineann le hairgead a shábháil agus feabhsú i ndáil leis an mbainistíocht agus an toradh feidhmiúcháin maidir le maoin sealbhais an Stáit.

*Tá bearta éagsúla aontaithe ag an Rialtas chun leas a bhaint as an mbuntáiste ó bhainistíocht níos fearr ar an maoin sealbhais agus leagtar an réimse iomlán amach in Accommodating Change – Measuring Success, Plean an Rialtais maidir leis an mBainistíocht ar Shócmhainní Maoine a foilsíodh i mí Iúil 2013. Tabharfar na bearta a leagtar amach sa phlean sin i bhfeidhm as seo go ceann dó nó trí de bhlianta agus Oifig na nOibreacha Poiblí i mbun na ceannródaíochta.*

Tá athbhreithniú ó thaobh acmhainne agus cumais ar siúl i ndáil le feidhm na bainistíochta ar an bpunann eastáit in Oifig na nOibreacha Poiblí agus bainfear úsáid as na moltaí ón athbhreithniú sin chun treisiú leis na scileanna agus leis na struchtúir eagrúcháin in Oifig na nOibreacha Poiblí de réir mar is gá chun bearta Accommodating Change a thabhairt i gcrích.

Go meántéarmach agus go fadtéarmach, ní mór don tSeirbhís Phoiblí cur an athuair leis na bearta athchóiriúcháin seo ionas go n-íslítear arís eile an costas a bhaineann le maoin sealbhais agus go réitítear an bealach d'athrú ar na modhanna déanta seirbhíse ag teacht leis na haidhmeanna straitéise eile a leagtar amach sa Phlean Athchóiriúcháin seo. Beidh gá ina leith sin le tuiscint chorparáideach níos géire ar an deis a bheadh ann sócmhainní maoine a bheith i gcomhar idir eagraíochtaí seirbhíse poiblí, béim níos mó ar chaighdeáin arda a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in árais seirbhíse poiblí agus cur chuige níos gairmiúla, níos comhordaithe agus níos straitéisí maidir leis an mbainistíocht ar mhaoin sealbhais agus déanamh cinntí.

**1.3.5 Bearta Leasaithe maidir leis an gCaiteachas Poiblí**

Tá bearta leasaithe tugtha isteach ag an Rialtas i ndáil leis an gcreatchóras maidir leis an gcaiteachas poiblí. Is é aidhm atá leo sin go gcuirfí leis an mbainistíocht ar an gcaiteachas poiblí in Éirinn agus go gcinnteofaí go gcoinnítear cúrsaí airgeadais phoiblí ar chúrsa inseasta san am atá romhainn. Cé go bhfuil dúshlán ag baint leis na leasuithe seo ó thaobh leagan amach nua a bheith i gceist leo seachas gnásanna seanbhunaithe maidir le tuairiscíocht airgeadais phoiblí, cuirtear creatchóras ar bun leo chomh maith don bhainistíocht éifeachtach chríochnúil ar chaiteachas a bheith mar bhonn taca faoi chinntí níos fearr agus faoi luach ar an airgead.

Le tamall de bhlianta anuas, tá roinnt leasuithe suntasacha curtha i bhfeidhm. Tá soiléire maidir leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil ag Ranna Rialtais ar feadh tréimhse trí bliana ar fáil mar gheall ar Uasteorainneacha Caiteachais ilbhliana a thabhairt isteach maidir le réimsí Airí agus iad ag feidhmiú mar chuid de chomhthéacs rialú caiteachais níos ginearálta a eascraíonn ó na bearta leasaithe faoi Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis an AE. Réitítear leis sin an bealach do chur chuige níos straitéisí maidir le leithroinnt acmhainní trí bhéim a leagan ar ord tábhachta na bpríomhsheirbhísí seachas freastal don ábhar is mó brú ó lá go lá. Leis na leasuithe ar Chód an Chaiteachais Phoiblí, táthar ag cur leis an mbainistíocht agus leis an rialúchán ar an gcaiteachas poiblí agus ag cinntiú go mbaineann meastóireacht dhian maidir le luach an airgid leis an gcaiteachas reatha agus leis an gcaiteachas caipitil araon sula gcaitear airgead poiblí.

*Cuirfidh Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann le hacmhainn na Státseirbhíse tabhairt faoi luacháil maidir leis an gcaiteachas poiblí, anailís eacnamaíochta a chur ar fáil agus feabhas a chur ar na hacmhainní anailíse a bhíonn ar fáil maidir le beartas a leagan amach agus a cheapadh.*

Tá de thoradh ar an tionscnamh maidir le Buiséadú Feidhmíochta go gcuirtear eolas níos tráthúla agus ar chaighdeán níos airde ar fáil mar bhonn treise faoi chinntí a dhéanamh agus go ligtear don Oireachtas agus don phobal an ceangal idir aidhmeanna an Rialtais, buiséid, an fheidhmíocht agus torthaí beartaíochta a scrúdú níos géire. Tar éis togra píolótach ar éirigh go maith leis, tá IrelandStat, an láithreán gréasáin maidir le heolas faoi fheidhmíocht na Seirbhíse Poiblí atá dírithe ar an saoránach á leathnú go dtí na Ranna agus Oifigí Rialtais ar fad. Léirítear ansin don saoránach agus don chustaiméir gnó a bhfuil bainte amach ag an Rialtas, a ndearnadh chun sin a thabhairt i gcrích, an costas a ghabh leis agus cás na hÉireann i gcomórtas le cás thíortha eile.

Leis an tionscnamh maidir le buiséadú feidhmíochta, dírítear aird ar na seirbhísí a ceannaíodh le hacmhainní poiblí, an tionchar a bhí ag na seirbhísí sin ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí go ginearálta. Mar gheall ar an tionscnamh sin a chur i bhfeidhm, tháinig an méid seo a leanas in áit Ráitis Bhliantúla faoin Toradh Oibre:

- eolas faoi chúrsaí feidhmíochta a lua sna cáipéisí Meastacháin;
- an láithreán gréasáin maidir le heolas faoi fheidhmíocht na seirbhíse poiblí atá dírithe ar an saoránach, IrelandStat; agus

- próiseas buiséid 'iomlán na bliana' a thabhairt isteach trínar féidir le Coistí de chuid na Dála iad a phlé go tairbheach agus a gcuid tuairimí a thabhairt faoi na réimsí caiteachais ar cheart tús áite a thabhairt dóibh.

Tá an t-athbhreithniú cuimsitheach ar an gcaiteachas reatha agus ar an gcaiteachas caipitil araon a dhéanfar i rith na bliana 2014 ina chuid de réimse leasuithe maidir leis an gcóras buiséadaithe a fógraíodh sa Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2012 - 2014. Tá na bearta athbhreithnithe sin ina gcuid de chreatchóras buiséid ilbhliana an Rialtais agus é de rún iad a dhéanamh gach trí bliana nó mar sin ionas go socraítear an athuair na huasteorainneacha caiteachais ilbhliana de réir ord tábhachta bhearta an Rialtais an tráth sin agus luacháil ar na cláir caiteachais mar lón eolais ina leith.

Fágann rialacha fioscacha nua an AE go mbíonn, i ndáil le gach Rialtas i gcrios an euro, ceangal idir an forás ar Chaiteachas Ginearálta an Rialtais agus ráta foráis ionchais na heacnamaíochtaa. Fágann na srianta sin gur den tábhacht, d'fhonn lón eolais níos fearr maidir le beartas buiséid, tabhairt faoi mheasúnacht go rialta ar fud na Seirbhíse Poiblí ar fad ar a éifeachtaí atá acmhainní poiblí á n-úsáid chun seirbhísí poiblí den éifeacht a chur ar fáil.

### 1.4 Béim ar Ionracas, ar Fhollasacht agus ar Chuntasacht

Tá dul chun cinn suntasach déanta ón mbliain 2011 anuas maidir le clár bearta athchóiriúcháin an Rialtais i gcúrsaí reachtaíochta agus polaitíochta a thabhairt i bhfeidhm. Chomh maith le leanúint den obair ar an gcur i bhfeidhm, beidh deiseanna breise maidir le treisiú na leasuithe sin á sonrú.

#### 1.4.1 Athchóiriú Rialtais

Leanfaidh an tAonad Athchóirithe Rialtais (GRU) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag díriú ar shocruithe rialachais phoiblí don ionracas, don fhollasacht, don chuntasacht agus don eitic a thabhairt i gcrích in Éirinn maidir le hoibriú an Rialtais agus na Seirbhíse Poiblí araon. Is é cuspóir atá leis sin go gcothófaí muinín sa Rialtas agus i bhforais an Stáit an athuair agus go gcuirfí córas riaracháin agus forais phoiblí chun cinn arb í an fhollasacht, an éifeachtacht agus an chríochnúlacht atá ag rith leo.

Déanfar, chun bonn treise a chur faoi chlár Athchóiriúcháin an Rialtais:

- rialacháin maidir le stocaireacht a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm;
- reachtaíocht leasaithe maidir le Saoráil Faisnéise (FOI) a rith agus a chur i bhfeidhm chomh maith le cód cleachtais nua maidir le FOI ag comhlachtaí poiblí;
- páirtíocht sa Pháirtnéireacht maidir le Rialtas den Fhollasacht;
- reachtaíocht leasaithe maidir le cosaint do Sceithirí a rith agus a chur i bhfeidhm;
- leanúint leis an gclár cuimsitheach oibre maidir le leasú ar an Reachtaíocht; agus
- treisiú an athuair leis an gcreatchóras eitice maidir le sealbhóirí oifige agus seirbhísigh phoiblí a bhfuil bonn reachtaíochta leis.

De bhun na ngealltanas i gClár an Rialtais maidir ls scrúdú a dhéanamh ar an gcreatchóras reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le cuntasacht na Státseirbhíse, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe páipéar comhairliúcháin atá dírithe ar na roghanna chun treisiú le cuntasacht agus feidhmíocht na Státseirbhíse. Tá córais dhochta

agus éifeachtúla maidir le cuntasacht ina saintréithe bunúsacha ag eagraíochtaí ardfheidhme agus dea-chlú. In eagraíocht chasta, iléagsúil, ilghnéitheach de leithéid na Státseirbhíse mar a bhfuil idirphlé ar leithligh ag baint le ról an Aire agus ról na Státseirbhíse, meastar go bhfuil creatchóras cuimsitheach maidir le cuntasacht duine sonrach amháin i leith duine sonrach eile i ndáil le nithe sonracha ina bhunchuid d'fheidhmíocht níos éifeachtúla ag an Státseirbhís.

*Cuirfear bonn treise faoi fheabhas ó thaobh feidhmíochta, deighilt níos soiléire ó thaobh freagrachtaí, córais níos tréine maidir le húdar torthaí saothair agus le measúnacht feidhmíochta lena mbaineann daingne agus follasacht a thabhairt chun cinn le creatchórais cuntasachta níos soiléire.*

Gné chinniúnach maidir le dea-thoradh a bheith ar an dícheall athchóiriúcháin trí chéile is ea acmhainn an phobail teacht ar eolas faoi bheartaíocht an Rialtais. Tá an leasú ar an reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise (FOI) ar ceann de na bearta buntábhachta atá dírithe ar a chinntiú go mbíonn teacht ar oiread eolais agus is féidir. Leis na hathruithe atá á dtabhairt isteach, tá bonn daingean á chur faoi na hiarrachtaí muinín an phobail sa Stát a chothú an athuair agus feabhas a chur ar an rialachas poiblí trí threisiú go suntasach leis an ionracas, leis an bhfollasacht agus leis an gcuntasacht ó thaobh an rialtais agus an riaracháin phoiblí de. Tá Cód Cleachtais i ndáil leis na leasuithe ar an reachtaíocht a thabhairt chun cinn d'fhonn cuidiú leis na comhlachtaí poiblí ar fad a thagann faoi scáth an Achta nua cur lena n-acmhainn agus lena ngnás oibre chun déileáil go héifeachtach críochnúil le hiarratais FOI.

Anuas air sin, fágann páirt a ghlacadh sa Pháirtnéireacht maidir le Rialtas Oscailte, gné idirnáisiúnta ag dul leis an dícheall náisiúnta maidir leis an athchóiriú ó tá an Pháirtnéireacht maidir le Rialtas Oscailte ina ardán idirnáisiúnta ag tíortha atá tugtha do bhreis ionracais, cuntasachta agus freagairt do mhianta an tsaoránaigh a bheith ag baint le rialtas na tíre. Is féidir le rialtais agus le grúpaí sa tsochaí shibhialta oibriú le chéile tríd an bPáirtnéireacht maidir le Rialtas Oscailte chun bearta athchóiriúcháin ardaidhme a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Gné mhór eile den chlár athchóiriúcháin is ea an leasú cuimsitheach ar an gcreatchóras reachtaíochta trína ndéantar rialú maidir le caighdeáin in oifigí poiblí. Ar cheann de na tograí móra atá á dtabhairt chun cinn, tá Bille Eitice slánchóirithe lena ndéanfar comhdhlúthú, nuachóiriú agus simpliú ar an gcreatchóras reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair. Is é toradh a bheidh air sin go mbeidh córas frithéillitheachta i bhfad níos fearr i bhfeidhm trína ndéanfar rialú agus rialáil maidir le coinbhleacht leasa sa saol poiblí in Éirinn.

Is é cuspóir atá leis an réimse leasuithe seo de chuid an Rialtais go dtreiseofaí le ról daonlathais an tsaoránaigh féin trína chur ar a chumas léargas níos soiléire a fháil ar oibriú fhorais an Stáit agus go gcinnteofaí go mbíonn cearta an tsaoránaigh á gcosaint le linn gach déileáil leis an Stát.

Beidh ar chumas daoine sa phobal léargas níos glinne a fháil ar cheapadh beartais, lena n-áirítear sonrú ar na hearnálacha agus na heagraíochtaí a fhéachann le tionchar a imirt ar an

Rialtas agus ar lucht déanta na gcinntí sa Rialtas agus sa tseirbhís phoiblí. Beidh léargas níos soiléire ag an saoránach ar an gcaoi ina ndéantar cinntí, cibé an mbaineann siad le ceisteanna móra eacnamaíochta nó sóisialta nó le ceisteanna faoi chearta agus teidlíocht an duine aonair, ionas go gcuirtear ar a gcumas páirt níos éifeachtúla a bheith acu i bpróiseas an daonlathais.

D’fhéadfadh feabhas ar chúrsaí rialachais poiblí leas suntasach a dhéanamh maidir le dea-cháil na hÉireann go hidirnáisiúnta a chothú an athuair agus bonn treise a chur faoin acmhainn foráis i gcúrsaí eacnamaíochta a bhaint amach ar bhonn inbhuanaithe.

**1.5 Ceannródaíocht, Inniúlacht agus Tabhairt i bhFeidhm**

Bhí béim thréan ar an tabhairt i gcrích agus ar an gcur i bhfeidhm ina chuid lárnach den chéad Phlean Athchóiriúcháin, a foilsíodh sa bhliain 2011. Leanfar de sin faoin bPlean Athchóiriúcháin nua. Ní féidir athchóiriú a dhéanamh gan an lucht ceannródaíochta ar na leibhéil ar fad atá ag díriú ar an athrú is gá ó thaobh cultúir agus lucht foirne atá inniúil maidir leis na dúshláin faoi láthair agus na dúshláin a chuirfear romhainn san am atá le theacht a shárú.

Tá Tascfhórsa ar an bhfuil státseirbhísigh ó na Ranna agus Oifigí Rialtais, ag obair leis na hArdrúnaithe, i mbun na ceannródaíochta maidir le próiseas chun athnuachan ar aisling agus ar straitéis na Státseirbhíse a chothú. Is cuid den chlár oibre sin freisin na téamaí a leagtar amach thíos agus beidh a lorg ar an obair trí fhorbairt a dhéanamh orthu sa chomhthéacs sin.

**1.5.1 Ceannródaíocht**

Tá bunriachtanas le dream ceannasaíochta ardfheidhme cuntasach ag na leibhéil is sinsearaí sa tSeirbhís Phoiblí maidir le bonn treise a chur faoin téarnamh eacnamaíochta agus borradh a chur faoi chríochnúlacht i gcur ar fáil na seirbhísí don saoránach. Is gné lárnach sin chun an Plean Athchóiriúcháin seo a thabhairt i bhfeidhm go sásúil.

D'ainneoin ardinniúlacht na gceannródaithe sinsearacha, is gá treisiú leis an gcultúr lena mbaineann ardfheidhmiúchán ar leibhéil shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí a chur chun tosaigh, a mheas agus bonn taca a chur faoi. Ní mór an-teacht aniar a bheith sna ceannródaithe san am atá romhainn i ndáil leis an dúshlán a ghabhann le timpeallacht luath-oibre a shárú, scileanna cur i bhfeidhm a bheith go tréan acu le béim ar an gcomhar agus ar an gcuntasacht. Dá bharr sin, ní foláir dúinn an tráth seo cur chuige agus córas seasmhach a thabhairt chun cinn maidir lena mbítear ag tnúth leis ó thaobh feidhmiúcháin a leagan amach go sonrach soiléir agus an bheartaíocht feidhmiúcháin i measc an lucht ceannasaíochta a mheas. Ní mór chomh maith creatchóras na gconarthaí do na státseirbhísigh sinsearacha a scrúdú.

Tá ceannasaithe sinsearacha sa Státseirbhís, seachas mar atá aon dream eile, i gcás inar féidir leo cuidiú agus soirbhiú d'athrú níos forleithne – ag cuidiú le hearnálacha eile den tSeirbhís Phoiblí a gcuid cuspóirí a thabhairt i gcrích agus bearta leasúcháin a chur chun cinn. Cé go bhfuil tábhacht chinniúnach le hardfheidhmiúchán i measc ceannasaithe aonair faoi leith, tá an tábhacht chéanna lena chinntiú go dtarlaíonn slánchóiriú dáiríre agus obair i gcomhar ar fud an chórais.

Ag teacht le gealltanas i gClár an Rialtais, bunaíodh an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS) chun cultúr an chomhair a chothú, rud atá riachtanach chun tabhairt faoi dhúshláin mhóra ilréimseacha i gcúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta, ar fud na Státseirbhíse ar an gcéad dul síos agus ar fud na Seirbhíse Poiblí go ginearálta i ndeireadh báire. Tá treisiú leis an gcumas ceannródaíochta agus bainistíochta sa duine aonair i gceist leis sin, mar atá ceannródaithe a thabhairt chun cinn mar acmhainn corparáide i bpáirt ag an gcóras ina iomláine. Tá dul chun cinn déanta maidir leis an Straitéis chun Ceannródaíocht SPS a Fhorbairt i rith na mblianta 2013-2015, tús a chur le gluaisteacht ar fud na Státseirbhíse ag na leibhéil shinsearacha san áireamh.

Tá bearta chun treisiú an athuair le gluaisteacht ar leibhéal an Rúnaí Cúnta á dtabhairt chun cinn d'fhonn cur leis an taithí a bhíonn ag bainisteoirí sinsearacha agus d'fhonn cinntiú go mbíonn taithí ag sciar suntasach den Bhord Bainistíochta i ngach Roinn ar obair ar leibhéal sinsearach taobh amuigh den Roinn áirithe sin. Beidh clár píolótach maidir le gluaisteacht ar leibhéal an Phríomhoifigigh á thabhairt chun cinn chomh maith. Anuas air sin, faoin Straitéis chun Ceannródaíocht a Fhorbairt, táthar ag socrú go mbíonn glacadh le cóitseáil ardfheidhmíochta mar uirlis chun an cheannródaíocht a thabhairt chun cinn.

*Ainneoin an dul chun cinn a rinneadh leis an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach a chur ar bun, tá an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí in Éirinn ar gcúl maidir leis an sárchleachtas sa réimse cinniúnach lena mbaineann forbairt cheannródaíochta agus bainistíocht chumais. Tá caighdeán agus tréithe na n-ardbhainisteoirí agus na mbainisteoirí sinsearacha ar cheann de na tosca is mó a bhaineann le cúrsaí feidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí fré chéile. Tá córas struchtúrtha, slánchóirithe agus comhordaithe maidir le forbairt cheannródaíochta agus bainistíocht chumais ina bheart tús áite maidir leis an gcreatchóras ionchais don bhainistíocht ar acmhainní daonna sa tSeirbhís Phoiblí.*

Anuas air sin, tá córas inniúlachta leasaithe do ghrád an Rúnaí Cúnta sa Státseirbhís aontaithe. Tá sin ina bhunús tréan le cur chuige slánchóirithe maidir le hearcaíocht, bainistíocht feidhmiúcháin agus forbairt ar an leibhéal sin. Agus an Straitéis á cur i bhfeidhm, beidh béim chomh maith ar thionscnaimh a leathnú amach, nuair is cuí sin, go dtí an tSeirbhís Phoiblí go ginearálta, chomh maith leis an gcéad ghlúin ceannródaithe eile sa Státseirbhís. Beifear ag dul i ngleic le srianta rialachais breise taobh istigh de chóras reatha na Státseirbhíse chomh maith ionas go mbaintear leas as an acmhainn atá ann d'fhonn dream ceannródaíochta ardfheidhme aontaithe amháin a thabhairt chun cinn.

### 1.5.2 Leasú maidir le Bainistíocht Acmhainní Daonna (HRM)

D'fhonn athchóiriú suntasach a thabhairt i gcrích, ní mór béim thréan a chur go leanúnach ar bhearta chun an toradh is fearr a bheith ar an bhfónamh a dhéanann lucht saothair na Seirbhíse Poiblí.

Leis an dul chun cinn maidir le glacadh le modhanna nua oibre agus leasú ar na gnásanna oibre, tugtar seirbhísí níos fearr agus níos éifeachtaí i gcrích agus níos lú acmhainní i gceist leo. Ní foláir athrú bunúsach ar an gcaoi a n-oibríonn seirbhísigh poiblí chuige sin. Ní mór

do cheannasaithe agus do bhainisteoirí ar fud na Seirbhíse Poiblí tuiscint shoiléir a bheith acu ar ar gá a bhaint amach agus ní mór béim thréan acu ar an bhfeidhmíocht, ar an tabhairt i gcrích agus ar thorthaí.  Ba cheart acmhainní a chaitheamh mar a mbeidh an toradh is fearr orthu agus an tairbhe is mó don phobal as acmhainní poiblí.

Ní féidir toradh breise a thabhairt i gcrích le níos lú acmhainní ar bhonn seasmhach leanúnach ach amháin trí leasú fadréimseach ar an gcreatchóras maidir leis an mbainistíocht ar acmhainní daonna sa tSeirbhís Phoiblí.  Ní mór béim a bheith go leanúnach ar thoradh níos fearr a shaothrú ar acmhainn an chaipiteal daonna atá i gceist leis an tSeirbhís Phoiblí.  Ní mór leanúint den tástáil ar pholasaithe agus ar ghnásanna seanbhunaithe maidir le hacmhainní daonna ionas go gcinntítear go mbíonn siad ina mbonn daingean faoi riachtanais gnó agus eagrúcháin, chomh maith le forbairt shuntasach bhreise ar an gcaipiteal daonna a chur chun cinn.

*Áirítear iad seo a leanas ar na réimsí príomhthábhachta don athbhreithniú sa chomhthéacs sin faoin bPlean seo:-*

- *struchtúr na ngrádanna - an cás maidir le struchtúr eagrúcháin níos cothroime trína n-ullmhaítear an bealach do réimsí níos fairsinge faoi chúram bainistíochta agus tarmligean níos forleithne maidir le freagracht agus cuntasacht;*
- *earcaíocht - coinneáil leis an athrú go dtí modhanna earcaíochta níos oscailte, bonn taca a chur faoi earcú cuí ar lucht oibre saineolais nuair is gá sin agus deireadh a chur le gnásanna earcaíochta cúnga atá ina mbac ar chinntiú go dtagann an earcaíocht le riachtanais an ghnó;*
- *gluaisteacht - ligean do ghluaisteacht i bhfad níos minice idir comhlachtaí poiblí ionas go mbaintear an leas is fearr ar na scileanna, an saineolas agus an taithí atá ar fáil go flúirseach sa tSeirbhís Phoiblí;*
- *bainistíocht feidhmíochta - tá na córais bainistíochta feidhmíochta reatha sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí leagtha amach chun caighdeáin dea-chleachtais a chur in iúl ach ní mór a gcur i bhfeidhm go leanúnach seasta ag bainisteoirí ionas go gcinntítear go dtarlaíonn caidreamh atá oiriúnach agus dáiríre maidir le cúrsaí feidhmíochta ar na leibhéil go léir; agus*
- *oiliúint agus forbairt – is den bhunriachtanas go dtarlódh iniúchadh mion ar mhodhanna chun cur le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí sa réimse seo i bhfianaise acmhainní suntasacha a chaitheamh le bearta oiliúna agus forbartha.*

Ní mór bonn docht a chur faoi athchóiriú éifeachtach inmharthana sna réimsí thuas trí bhéim láidir ar an gcaipiteal daonna a fhorbairt trí pholasaithe ciallmhara daingne maidir le hacmhainní daonna.  Tá ról mórthábhachtach leis an bhfeidhm Acmhainní Daonna (HR) maidir le cúnamh taca a thabhairt do lucht ceannasaíochta agus bainistíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí agus na cuspóirí straitéiseacha maidir le cúrsaí eagrúcháin ar fud na n-earnálacha a thabhairt i gcrích. Tá ról buntábhachtach le HR maidir leis an lucht oibre oilte cumasach a chruthú atá de dhíth chun torthaí dáiríre a thabhairt i gcrích trína ndéantar tairbhe don tsochaí.  Déanfaidh HR sin trí na scileanna agus an inniúlacht is gá i Seirbhís

Phoiblí de chuid na linne seo a shonrú, trí infheistíocht a dhéanamh agus an inniúlacht sin a fhorbairt agus trí chórais a chruthú atá dírithe ar ardfheidhmíocht.

Is cuid lárnach den athchóiriú maidir le HR athleagan amach ar an gcaoi ina ndéantar gnóthaí HR a thabhairt i gcrích.  Tá de nós le fada sa Státseirbhís HR a fheiceáil mar 'fheidhm riaracháin' seachas mar réimse a bhfuil fiúntas straitéiseach leis sa Roinn.  Tá bearta suntasacha déanta cheana féin sa Státseirbhís chun ról níos straitéisí a thabhairt do réimse HR, go háirithe trí Chomharsheirbhís HR a chur ar bun agus cuid mhór den obair idirbheartaíochta a bhíodh á déanamh sna haonaid HR a aistriú. Is céim shuntasach an t-athrú struchtúrtha sin maidir le Straitéis HR a thabhairt chun cinn agus beidh sé mar bhonnchloch faoi ról níos straitéisí ag réimse HR sna Ranna agus sna hOifigí.

Is gá leanúint ag cur ar chumas aonaid HR oibriú níos éifeachtúla trí shimpliú agus comhtháthú a dhéanamh ar pholasaithe HR ionas go dtarlaíonn torthaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.  Is gá chomh maith forbairt a dhéanamh ar scileanna HR agus ar fheidhmiúlacht HR trí lucht foirne HR a chur ar bhonn gairmiúlachta agus trí ghluaisteacht i measc lucht foirne HR.  Tá bonn treise á chur faoin athrú struchtúrtha seo, a fhágfaidh gur féidir le haonaid HR oibriú níos éifeachtúla, trí pholasaithe HR a fhorbairt agus a chaomhchóiriú go lárnach a chuideoidh leis an bhfeidhm HR atá á choinneáil ar bun taobh istigh de na Ranna agus de na hOifigí. Is é atá le déanamh, lucht saothair ardfheidhme a fhorbairt a bhfuil réimse inniúlachtaí agus scileanna acu chun feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla i dtimpeallacht polasaí atá níos casta. Ní mór freisin tabhairt faoi na dúshláin dhéimeagrafacha a bheidh roimh an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí go meántéarmach.

Sa chomhthéacs sin, tarlóidh brostú maidir leis an bpróiseas pleanála i ndáil leis an lucht oibre ar fud na Státseirbhíse ionas go dtugtar a gcuid scileanna agus inniúlachta níos gaire don riachtanas gnó atá ag teacht chun cinn.  Sa chás go dtugtar chun aire bearnaí soiléire maidir leis na scileanna agus an réimse inniúlachta is gá chun seirbhísí a chur ar fáil le barr éifeachta, eagrófar beartaíocht shaindírithe maidir le foghlaim agus forbairt don lucht foirne reatha agus do dhaoine nua ag tosú dóibh.  Leanfar den pholasaí nua earcaíochta a thabhairt i bhfeidhm go meántéarmach ionas go dtugtar faoi réimsí easnaimh ó thaobh scileanna agus go dtéitear i ngleic leis an easnamh ó thaobh déimeagrafaíochta ar fud na Státseirbhíse.  Ní mór na hacmhainní nua seo a fhorbairt agus treisiú leo ionas go mbaintear an buntáiste is mó is féidir amach don Státseirbhís trí bhainistíocht cumais agus trí pholasaithe pleanáil comharbachta agus ní foláir bonn taca a chur fúthu trí pholasaithe slánchóirithe maidir le cúrsaí gluaiseachta ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Is é atá de chuspóir leis go mbeadh na daoine cearta sna háiteanna cearta ionas go mbrostaítear leis an nuáil sa riarachán poiblí chun bonn treise a chur faoin téarnamh eacnamaíochta agus é a bhuanú.

Is gá oibriú ar bhealach níos cliste agus féachaint le modhanna oibre a leagan amach lena sásaítear riachtanais an 21ú haois.  D'fhéadfadh an righneadas ionchais atá de thréithe struchtúr na ngrád mar atá i bhfeidhm faoi láthair a bheith ina bhac le feidhmiúlacht agus nuáil i measc an lucht foirne reatha agus dhaoine nua ag teacht isteach dóibh.  Níos tábhachtaí ná sin, ní mór deis fáis agus foráis a thabhairt do dhaoine cumasacha taobh istigh den Státseirbhís, mar chuid de pholasaí ginearálta maidir le státseirbhísigh a choinneáil sna blianta atá romhainn.  Ní mór scrúdú grinn a dhéanamh dá bhrí sin ar bhearta chun

athchóiriú a thabhairt ar mhodhanna oibre a chuideodh le córas na sraitheanna a mhaolú agus teannadh níos gaire do chóras foirne agus do chórais comhordúcháin trína mbaintear an leas iomlán as cumas na ndaoine atá ar fáil agus a chuireann bonn treise faoi sheirbhís a chur ar fáil go críochnúil éifeachtach.

Agus lucht saothair ardfheidhme á thabhairt chun cinn, is den bhuntábhacht go leagtar amach córais don bhainistíocht feidhmiúlachta a chuidíonn le bainisteoirí lánchumas na foirne a thabhairt chun feidhme. Beidh béim ar fheabhsú leanúnach ar an mbainistíocht feidhmiúlachta. Déanfar leasuithe nua le gairid, mar shampla an córas bainistíochta feidhmíochta leictreonach (ePMDS) atá le tabhairt isteach sa bhliain 2014 agus an calabrú atá le tabhairt i bhfeidhm maidir le grád an Phríomhoifigigh agus grád an Phríomhoifigigh Cúnta a chaomhchóiriú de réir an lón taithí a fhaightear agus sin a leathnú go dtí gráid eile. Beidh creatchóras níos déine maidir le bainistíocht feidhmíochta i ndáil le státseirbhísigh sinsearacha cinniúnach i ndáil leis an mbéim ar ardfheidhmiúlacht a thabhairt ar aghaidh. Anuas air sin, beidh tábhacht leis an tionchar is mó is féidir ar an bhfeidhmiúlacht a bhaint as an mbeartaíocht foghlama agus forbartha. Mar chúnamh taca i ndáil leis na hathruithe seo, ní mór infheistíocht a dhéanamh agus feabhas a chur ar scileanna na mbainisteoirí líne.

Is gné lárnach de bheartaíocht chun chur le hinniúlacht lucht oibre an chríochnúlacht a bhaineann leis an straitéis foghlama agus forbartha. Déanfar cinnte go bhfuil an oiliúint agus an fhorbairt leagtha amach agus á gcur i bhfeidhm ar bhealach atá dírithe go sonrach ar riachtanas reatha agus riachtanas ionchais an lucht foirne mar chuid lárnach den athchóiriú maidir le gnóthaí HR.

Is i gcomhthéacs na Státseirbhíse den chuid is mó a chuirtear i láthair an aidhm athchóiriúcháin a leagtar amach sa roinn seo ach ní mór na príomhphrionsabail a chur i bhfeidhm freisin maidir leis na hearnálacha eile ar fad.

### 1.5.3 An Fheidhmíocht ó thaobh Eagrúcháin

Beidh tairbhe ó thaobh na feidhmíochta ar an leibhéal eagraíochta as cuid mhór de na geallúintí maidir le hathchóiriú a leagtar amach sa phlean seo. Tagann san áireamh leis sin, mar shampla, béim níos géire ar thorthaí saothair, laghdú ar dhúbailt oibre, úsáid níos fearr as TEC, agus leasú ar chúrsaí Acmhainní Daonna agus ar chúrsaí ceannasaíochta.

Cuirfear leis an leibhéal feidhmiúcháin ó thaobh eagraíochta de chomh maith trí fhollasacht agus trí fhreagracht breise i ndáil leis an gclár athchóirithe polaitiúil agus trí eolas airgeadais agus bhuiséid níos fearr mar gheall ar na bearta athchóirithe i ndáil leis an gcaiteachas poiblí, mar a leagtar amach sa Phlean Athchóirithe seo. Cinnteofar le buiséad feidhmíochta gur mó an fhollasacht a bhaineann le cúrsaí feidhmiúcháin, gur mó an t-iniúchadh a dhéantar orthu agus gur de réir mar is fearr an toradh a shaothraítear astu a chaitear acmhainní.

*Le Ráitis Straitéise nua á bhfoilsiú gach trí bliana ag na Ranna Rialtais ar fad agus ag na hOifigí is mó, ceanglófar torthaí earnála le bearta oibriúcháin sna ranna agus sna gníomhaireachtaí agus leagfar amach dá réir sin an cuspóir straitéise atá ag gach Roinn agus Oifig go ceann roinnt blianta.*

Beidh béim leanúnach ar fheabhas ó thaobh éifeachta agus críochnúlachta ar an leibhéal eagrúcháin ar fud na Seirbhíse Poiblí. Déanfar sin ar roinnt bealaí éagsúla. Mar shampla, beidh béim ghéar ar an úsáid as feabhsú phróiseas gnó chun caomhchóiriú a thabhairt ar phróisis mhórthábhachta agus deireadh a chur le dúbailt saothair. Fágfaidh úsáid níos forleithne as seirbhísí i gcomhar maidir le feidhmeanna cúloifige gur féidir le heagraíochtaí díriú ar na príomhchuspóirí straitéise. Beidh bainistíocht níos fearr á déanamh chomh maith maidir le cúrsaí baoil in eagraíochtaí faoi leith agus ar fud thionscadail mhóra athchóirithe.

Tugtar gealltanas i gClár an Rialtais maidir le tarmligean breise i ndáil le cúrsaí buiséid go dtí an leibhéal áitiúil sa tSeirbhís Phoiblí, faoi réir ag pleananna mionsonraithe agus socruithe freagrachta a bheith ar bun. Sa chomhthéacs sin, déanfar modhanna nua a mheas chun cistíocht a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí agus béim ar fhreagracht maidir le buiséid agus feidhmeanna oibriúcháin eile a tharmligean leis an leibhéal áitiúil. Déanfar socruithe tarmligin nua don bhainistíocht ar leibhéil foirne, a mbeidh pleanáil straitéiseach maidir le lucht saothair de bhonn treise faoi, a leagan amach agus a thabhairt i gcrích de réir a chéile.

### 1.5.4 An Leasú a thabhairt i gCrích

Chun na bearta leasaithe ardaidhme a leagtar amach sa phlean seo a thabhairt i gcrích, ní mór béim thréan a chur ar an gcur i bhfeidhm. Is léir ón lón taithí a gnóthaíodh ó bheartaíocht roimhe seo go raibh buntábhacht leis sin maidir le Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2011 agus tá de rún leanúint le clár bainistíochta dian críochnúil agus le socruithe rialachais, go lárnach agus i ngach ceann faoi leith de na príomhearnálacha, le linn na céime seo chugainn den athchóiriú. An Coiste Comhaireachta maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí a dhéanfaidh an cheannródaíocht ina leith sin trí stiúir straitéiseach a chur ar fáil agus freagracht a leagan chomh maith ar na bainisteoirí sinsearacha maidir leis an bplean seo a thabhairt i gcrích. Déanfar machnamh chomh maith ar dheiseanna maidir le páirtíocht sheachtrach sa chóras rialachais.

*Beidh Pleananna Feidhmiúcháin Slánchóirithe maidir leis an Athchóiriú ón mbliain 2014 amach á gcur le chéile as an nua ag na Ranna Rialtais ar fad agus ag na hOifigí móra, arna mbunú ar an bPlean Athchóirithe foriomlán nua seo. Leagfar amach sna pleananna sin an bealach ina gcuirfear na leasuithe trasghearrtha a leagtar amach sa phlean foriomlán i bhfeidhm sna heagraíochtaí sin, chomh maith le bearta athchóiriúcháin a bhaineann le hearnálacha faoi leith agus bearta a thagann faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington.*

Ní mór réimsí sonracha scileanna chun ceannródaíocht a dhéanamh maidir le tograí athchóiriúcháin a thabhairt i bhfeidhm agus tá cuid mhór de na leasuithe a leagtar amach sa phlean seo a fhágann scileanna de dhíth nach móide iad ar fáil go forleathan. Tá gá le scileanna mórthábhachta maidir leis an mbainistíocht ar athrú, an bhainistíocht ar chonarthaí, an bhainistíocht ar thionscadail agus réimsí iomadúla eile. Ní mór béim ghéar a chur ar fhoroiliúint, ar an gcomhar maidir le saineolas agus sárchleachtas i gcúrsaí athchóiriúcháin, agus ar lón eolais a bhaint as na tionscadail sin nach mbíonn dea-thoradh orthu. Beidh béim mhór ar an lón taithí a chur i gcomhar ar fud eagraíochtaí éagsúla agus craobhchórais caidrimh mar chuid de sin ag díriú ar théamaí athchóiriúcháin áirithe, mar shampla feabhsú próiseas gnó, seirbhís don chustaiméir, seirbhísí i gcomhar etc. Beidh

tairseach líonra na hOifige Athchóirithe in úsáid mar mhodh chun modhanna oibre agus modhanna sárchleachtais a chur in iúl ar fud an chórais.

Beidh gá le ceannaireacht láidir i ndáil leis an gclár athchóiriúcháin, ar leibhéal na polaitíochta agus ar leibhéal an riaracháin, chun an t-athrú cultúir is gá a thabhairt i gcrích. Leagfar béim níos mó ar mhodhanna cumarsáide na Seirbhíse Poiblí, go hinmheánach agus go seachtrach. Ní mór eolas a chur ar fáil don lucht foirne faoin tionchar a bheidh ag athruithe trasghearrtha agus ag athrú san eagraíocht / earnáil orthu, chomh maith leis an ról a fhéadann siadsan a bheith acu maidir leis an athchóiriú a thabhairt i bhfeidhm ina gcuid eagraíochtaí féin. Beidh ról tábhachtach ag bainisteoirí sa phróiseas seo agus ní mór dóibh a gcuid inniúlachta ina leith a thabhairt chun tosaigh agus na struchtúir agus na próisis is gá chuige a chur ar bun ionas go gcinntítear páirt ag an bhfoireann sa phróiseas athchóiriúcháin.

# Aguisín 1

Plean Gníomhaíochta don

## Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí 2014 - 2016

1. Béim ar Lucht Úsáide na Seirbhísí
2. Béim ar Éifeachtacht
3. Béim ar Ionracas, ar Fhollasacht agus ar Chuntasacht
4. Ceannródaíocht, Inniúlacht agus Tabhairt i bhFeidhm

# 1.1 Córais Nua chun Seirbhís a Chur ar Fáil

**Príomhchuspóir:** Seirbhísí poiblí níos fearr agus níos éifeachtaí ó thaobh costais a leagan amach agus a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as córais mhalartacha den nuáil i gcomhar leis an earnáil dheonach, an earnáil pobail agus an earnáil phríobháideach

**Tairbhe Ionchais**

- Toradh níos fearr do lucht úsáide na seirbhísí poiblí
- Acmhainn níos mó nuála maidir le gnásanna gnó trí theacht ar réimse níos leithne scileanna, eolais agus teicneolaíochta atá ar fáil ó fhoinsí seachtracha
- Sábháil ó thaobh costais agus éifeachtachta mar gheall ar ghnásanna oibre agus bainistíochta níos fearr agus measúnacht feidhmíochta níos fearr
- Béim níos géire ar aidhmeanna agus torthaí beartaíochta a thabhairt i gcrích maidir le cúrsaí eagrúcháin trí sheachfhoinsiú a dhéanamh maidir le feidhmeanna imeallacha

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **1.1.1 Cur le hacmhainn agus le cumas na Seirbhíse Poiblí seirbhísí poiblí a leagan amach, a sholáthar agus a bhainistiú i bpáirtnéireacht le soláthraithe eile** | | |
| i. Meitheal de speisialtóirí maidir le soláthar seirbhísí bainistithe a chur le chéile – ag díriú ar an modh ina gcuirfear gné an tsoláthair den phróiseas iomlán maidir le Seirbhís a chur ar fáil go Seachtrach taobh istigh den Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm | R1 2014 | R2 2014 |
| ii. Foroiliúint ar bhainisteoirí sa tSeirbhís Phoiblí maidir le seachfhoinsiú iomlán a chur i bhfeidhm | R1 2014 | R2 2014 |
| iii. Creatchóras a fhorbairt maidir le cinntí a dhéanamh i ndáil le seirbhísí a phleanáil, a dhearadh, a chur ar fáil agus a bhainistiú | Leanúnach | R2 2015 |
| **1.1.2 Tabhairt faoi bhac ar bith atá roimh chóras malartach maidir le seirbhís a chur ar fáil** | | |
| i. Déanfar an creatchóras rialúcháin a chóiriú de réir mar is cuí ionas go n-oireann do ghlacadh le córas malartach chun seirbhís a chur ar fáil | R1 2014 | R4 2015 |
| **1.1.3 An straitéis maidir le seirbhís a chur ar fáil ar mhodhanna malartacha a bheith ina dlúthchuid de na haidhmeanna ginearálta leis an athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí** | | |
| i. An straitéis ghinearálta maidir le seirbhísí a chur ar fáil go seachtrach a bheith ina dhlúthchuid den Phlean Slánchóirithe maidir le hAthchóiriú a thabhairt i gCrích ag na comhlachtaí poiblí agus tionscnaimh trasghearrtha ag baint le soláthar, digitiúchán, seirbhísí i gcomhar agus an bhainistíocht ar shócmhainní maoine | R1 2014 | R4 2014 |
| ii. Déanfaidh gach Roinn, mar chuid den Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas go gairid, tograí a fhorbairt maidir leis na hacmhainní reatha a leithroinnt trí phróiseas lena mbaineann níos mó iomaíochta | R1 2014 | R3 2014 |
| **1.1.4 Seirbhísí poiblí níos fearr agus níos éifeachtaí ó thaobh costais a chur ar fáil trí úsáid níos mó as córais mhalartacha chun seirbhís a chur ar fáil** | | |
| i. Déanfaidh gach Roinn agus Oifig mhór nach bhfuil sin déanta cheana acu plean mionsonraithe, dírithe ar bhuntáistí, maidir le seirbhísí a chur ar fáil go seachtrach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais | Leanúnach | R3 2014 |
| ii. Déanfar na pleananna maidir le seirbhísí a chur ar fáil go seachtrach a ullmhaíonn gach Roinn, Oifig agus Earnáil a leasú agus a chur faoi bhráid an Rialtais uair in aghaidh na bliana | R1 2014 | Leanúnach |
| iii. Déanfar cás gnó maidir le tograí áirithe do chóras seirbhíse malartach tras-Rannach a thabhairt chun cinn i ndáil le: | | |
| a. Bainistiú Fiachais | Leanúnach | R1 2014 |
| b. Measúnú Leighis | R1 2014 | R4 2014 |

| 1.1.5 Níos mó úsáide a bhaint as córais nuálacha chun seirbhís a chur ar fáil | | |
|---|---|---|
| i. Déanfar tograí píolótacha a chur i bhfeidhm trína n-úsáidtear córais nua maidir le seirbhísí a chur ar fáil, mar shampla comharfhiontair faoi úinéireacht fostaithe agus comhfhiontair, ach an tairbhe a bheadh leo a dheimhniú roimh ré le cás gnó arna ullmhú go cúramach. Féachfaidh an tSeirbhís Phoiblí le hoibriú in éineacht leis an earnáil dheonach agus le fiontair shóisialta, a ndéantar athinfheistiú ar an gcuid brabúis chun críocha sóisialta, chomh maith leis an earnáil phríobháideach | R1 2014 | R4 2016 |

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **1.1.6 Infheistíocht ar mhaithe le Tionchar Sóisialta** | | |
| i. Tionscadal píolótach infheistíochta ar mhaithe le tionchar sóisialta a chur chun cinn do theaghlaigh gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath, lena mbainfidh:<br>• Féachaint le páirtnéirí infheistíochta ón earnáil phríobháideach a aimsiú chun árais chónaithe fhadtéarmacha, inmharthana, bhuanseasmhacha a chur ar fáil do 136 teaghlach gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath<br>• Árais chónaithe oiriúnacha a aimsiú<br>• Dianchúnamh taca a chur ar fáil chun cuidiú le teaghlaigh den chineál sin socrú san áras nua agus bheith ina ndlúthchuid de phobal na háite agus an tionóntacht nua a choinneáil ar bun | Leanúnach | R4 2016 |

# 1.2 Rialtas digiteach

**Príomhchuspóir:** Straitéis nua TEC don tSeirbhís Phoiblí a ullmhú agus a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le Comhairle Phríomhoifigeach Eolais (CIO) na Seirbhíse Poiblí

**Tairbhe Ionchais**

- Feabhas ó thaobh an lucht úsáide
- Réimse de phróisis idirbheartaíochta atá oiriúnach don chuspóir sa saol digiteach
- Laghdú costais agus slabhra soláthair níos fearr a fhorbairt lena ngabhann luach níos fearr ar an airgead
- Lucht oibre seirbhíse poiblí níos cumasaí, le breis gluaisteachta agus iad inniúil ar an taobh digiteach
- Modhanna agus próisis nua feabhsaithe maidir le seirbhísí a chur ar fáil sa tSeirbhís Phoiblí
- Ardáin a fhorbairt a ghabhann ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne agus brostú le deiseanna maidir le néalríomhaireacht a thapú

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **1.2.1 Straitéis TEC a fhorbairt** | | |
| i. Straitéis TEC a fhorbairt don tSeirbhís Phoiblí i gcomhar le Comhairle Phríomhoifigeach Eolais na Seirbhíse Poiblí | R1 2014 | R2 2014 |
| ii. Plean Straitéiseach Cur i bhFeidhm a fhorbairt don Straitéis TEC i gcomhar le Comhairle an CIO agus geallsealbhóirí príomhthábhachta eile, trína sonrófar Oifigigh Freagracha Sinsearacha ar a leagfar freagracht maidir le gnéithe áirithe den Straitéis TEC a bhrostú | R2 2014 | R3 2014 |
| **1.2.2 Cur i bhfeidhm na Straitéise TEC a bhrostú agus a chomhordú** | | |
| i. Oibreoidh Oifig Phríomhoifigeach Eolais an Rialtais (OGCIO) go dlúth le Ranna agus le hOifigí chun cur i bhfeidhm na Straitéise TEC a chinntiú | R1 2014 | R4 2016 |
| ii. Oibreoidh an OGCIO le Comhairle an CIO agus leis an bPríomhoifigeach Soláthair / Comhairle Chatagóir TEC d'fhonn cinntiú go mbíonn an obair maidir leis an Straitéis TEC a chur i bhfeidhm ag teacht go dlúth le chéile | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Oibreoidh an OGCIO le Comhairle an CIO agus le geallsealbhóirí príomhthábhachta eile chun an úsáid as an gcainéal digiteach a thabhairt chun tosaigh (“Digiteach i dTosach”) trína dhéanamh chomh furasta agus chomh héifeachtach gurb iad na seirbhísí digiteacha is rogha leis an saoránach agus le gnólachtaí | R1 2014 | R4 2014 |
| **1.2.3 Infheistíocht d'fhonn Claochlú agus Dearadh don Digiteacht** | | |
| i. Déanfaidh OGCIO, i comhar le Brainsí Vóta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, moltaí a chur le chéile ionas go gcinntítear sciar aontaithe den tsábháil a ghnóthaítear tríd an Straitéis TEC a chur i bhfeidhm ar fáil d'athinfheistiú i dtograí claochlaithe TEC taobh istigh de Ranna / Oifigí | R1 2014 | R2 2014 |
| ii. Seirbhísí poiblí mórthábhachta a mbaineann idirbhearta leo a roghnú agus bunathrú a chur ar an gcaoi ina gcuirtear ar fáil iad. Tar éis na sonraí atá bailithe faoi na seirbhísí idirbheart seo a thiomsú agus a chur faoi anailís, déanfar torthaí na hoibre sin a fhoilsiú. | R1 2014 | R1 2014 |
| iii. Tar éis na sonraí faoi na próisis idirbheartaíochta seo a thiomsú, a chur faoi anailís agus a fhoilsiú, déanfar an 20 is tábhachtaí a roghnú lena scrúdú maidir le bealaí ina bhféadfaí feabhas suntasach a chur orthu trí chórais dhigiteacha. | R2 2014 | R4 2016 |

| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
| --- | --- | --- |
| **1.2.4 Feabhas maidir le hÚsáid agus le Comharúsáid Sonraí, Sonraí Oscailte san áireamh** | | |
| i. Cinn Bhille nua maidir le Comharúsáid Sonraí agus cúrsaí Rialachais a ullmhú d'fhonn seirbhísí níos fearr ó thaobh idirbhearta digiteacha a thabhairt i gcrích | R1 2014 | R3 2014 |
| ii. Bord Sonraí Oscailte agus Grúpa Stiúrtha agus Cur i bhFeidhm a chur ar bun agus tairseach Sonraí Oscailte a fhorbair (comharobair idir OGCIO agus an tAonad Athchóirithe Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) | Leanúnach | R2 2014 |
| iii. Teacht níos fearr ar fhaisnéis gheospásúil do sheirbhísí poiblí, do ghnólachtaí agus don saoránach a thabhairt i gcrích trí Straitéis Náisiúnta Sonraí Spásúla agus Comhaontú Náisiúnta Mapála a thabhairt chun cinn | R1 2014 | R4 2014 |
| iv. Feabhas a chur ar thorthaí na seirbhísí poiblí reatha agus sheirbhísí nua trí leas níos mó a bhaint as an anailís ar ollsonraí atá ag teacht chun cinn | R1 2014 | R4 2016 |
| v. Réimse d'fheidhmchláir nua seirbhíse poiblí a chur ar fáil bunaithe ar Léargas Custaiméara Faoi Leith | R1 2014 | R4 2016 |
| **1.2.5 An Cárta Seirbhísí Poiblí** | | |
| i. Feabhas a chur ar an teacht ar sheirbhísí poiblí trí leanúint den Chárta Seirbhísí Poiblí (PSC) atá á chur ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí a thabhairt isteach | Leanúnach | R4 2016 |
| ii. Cur leis an leas a bhaintear as córas an PSC ar fud seirbhísí oiriúnacha eile d'fhonn costas idirbheartaíochta a laghdú | R1 2014 | R4 2016 |
| **1.2.6 Comhtháthú agus Néalríomhaireacht** | | |
| i. Creatchóras Náisiúnta don Idiroibriú a fhorbairt | R2 2014 | R2 2015 |
| ii. Méadú ó thaobh sochóiritheacht agus laghdú ó thaobh costais maidir le seirbhísí poiblí a chur ar fáil trí leanúint de réimse comharsheirbhísí a chur ar fáil agus a thapú, ina measc Líonra an Rialtais agus éiceachóras Néalríomhaireachta na Seirbhíse Poiblí. | Leanúnach | R4 2015 |
| **1.2.7 Cúrsaí Slándála** | | |
| i. An chosaint do sheirbhísí digiteacha poiblí a chinntiú trí Straitéis Cibearshlándála an Rialtais a chur ar fáil | R1 2014 | R3 2014 |
| ii. Córas Fíordheimhniúcháin Cónasctha don tSeirbhís Phoiblí a fhorbairt | R1 2014 | R4 2016 |

# 1.3 Feabhsú seirbhíse ó thaobh an chustaiméara

| |
|---|
| **Príomhchuspóir:** Feabhas a chur ar chaighdeán an chaidrimh idir an saoránach / custaiméir gnó agus an tSeirbhís Phoiblí |

| Tairbhe Ionchais |
|---|
| • Idirbheartaíocht an chustaiméara leis an tSeirbhís Phoiblí a dhéanamh níos simplí, níos tapa agus níos sásúla<br>• Eolas a bheith ar fáil níos áisiúla agus le tuiscint níos fusa<br>• An bealach a réiteach d'fheabhsú seirbhísí ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal na hearnála |

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **1.3.1 Bearta feabhais ar mhaithe leis an gcustaiméir ar leibhéal na heagraíochta a thabhairt chun suntais ós ag an leibhéal sin is mó a tharlaíonn caidreamh leis an gcustaiméir** | | |
| i. Leas a bhaint as Pleananna Slánchóirithe na Ranna maidir leis an Athchóiriú a thabhairt i gCrích (IRDP) chun bearta feabhais ar leibhéal na heagraíochta maidir leis an tseirbhís don chustaiméir a thabhairt chun suntais. Ar an iliomad beart feabhais a leagtar amach sna pleananna IRDP reatha, tá na samplaí seo a leanas: | Leanúnach | Leanúnach |
| • Déanfar forbairt bhreise ar oifigí Intreo na Roinne Coimirce Sóisialaí chun cur chuige níos caomhchóirithe a chur i réim maidir leis an gcustaiméir, i mbun seirbhísí agus cúnamh taca sainchóirithe praiticiúla a chur ar fáil dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta agus d'fhostóirí | Leanúnach | Leanúnach |
| • Leagfar cúram na seirbhísí maidir le leas linbh agus seirbhísí cosanta atá á rith faoi láthair ag FSS ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (CFA) | R1 2014 | Leanúnach |
| • Fágfaidh Uisce Éireann a chur ar bun gur féidir díriú níos géire ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce do shaoránaigh na hÉireann a chur ar fáil trí aon chóras amháin | Leanúnach | Leanúnach |
| • Beidh córas leathanbhanda 100 Mbps curtha isteach i ngach scoil dara leibhéal in Éirinn faoi dheireadh na bliana 2014 tar éis an ceangal a chur ar fáil i 216 scoil i rith na bliana 2013 | Leanúnach | R4 2014 |
| • Déanfar soláthar leis an Tairseach nua Rialtais Áitiúil “localgov.ie” do theacht a bheith in aon láthair amháin ag an saoránach ar sheirbhísí uile na n-údarás áitiúil | Leanúnach | Leanúnach |
| • Déanfar simpliú ar chúrsaí caidrimh tionsclaíochta leis an athchóiriú atá an Roinn Post, Fiontair agus Nuála a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar struchtúir an Stáit maidir le caidreamh tionsclaíochta san ionad oibre, agus cuirfear feabhas ar chúrsaí áisiúlachta agus ar an eolas ó thaobh lucht úsáide na seirbhíse | Leanúnach | Leanúnach |
| • Córas nua na bPostchód a chur i bhfeidhm a mbeidh tairbhe as ag soláthraithe seirbhísí éigeandála, poist agus eile (seirbhísí idirlín san áireamh) chun teacht ar gach teaghlach faoi leith. | R1 2014 | R2 2015 |
| • Cuirfear "siopaí na céime tionscanta" d'earnáil na micrifhiontair agus na ngnólachtaí beaga ar fáil in Oifigí Fiontraíochta Áitiúla inar féidir seirbhísí taca maidir le fiontraíocht a thapú, cúnamh taca eile a thugtar do lucht gnó go díreach a fháil agus | R2 2014 | Leanúnach |
| ii. Comhdháil bhliantúil maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir a eagrú d'fhonn an sárchleachtas a chur sa timpeall agus deiseanna caidrimh a chur ar fáil d'oifigigh na seirbhíse don chustaiméir ar fud na Seirbhíse Poiblí | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Oiliúint sa tseirbhís don chustaiméir a chur chun don lucht foirne ar an líne tosaigh i ngach comhlacht poiblí | R1 2014 | R4 2016 |
| **1.3.2 Treisiú le héifeacht agus le caighdeán Chairteacha an Chustaiméara** | | |
| i. Caighdeán chairteacha an chustaiméara sa Státseirbhís a mheas | R2 2014 | R3 2014 |
| ii. Tionscnamh Chairteacha an Chustaiméara a chur níos faide chun cinn i gComhlachtaí / Gníomhaireachtaí a chur chun cinn | R2 2014 | R4 2014 |
| iii. Cinntiú go ndéantar cairteacha ardaidhme don chustaiméir a thabhairt chun cinn i Ranna / Oifigí chomh maith le pleananna gníomhaíochta chun feabhas a chur ar an tseirbhís don chustaiméir | R3 2014 | Leanúnach |
| **1.3.3 Feabhas a chur ar áisiúlacht eolais don saoránach** | | |

| | | |
|---|---|---|
| i. Leanúint den bhuntáiste as gnáth-theanga a úsáid a chur chun cinn trí threoirlínte, cúrsaí oiliúna agus bearta taca eile | R1 2014 | R4 2014 |
| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
| ii. Ba cheart do gach Comhlacht Poiblí gealltanas a thabhairt, agus a lua i gCairt an Chustaiméara, go ndéanfar eolas níos so-aimsithe don saoránach agus go háirithe go mbainfear úsáid oiread agus is féidir as gnáth-theanga i litreacha, i bhfoirmeacha iarratais, i mbileoga eolais, etc. | R1 2014 | Leanúnach |
| **1.3.4 Feabhas a chur ar leibhéal an chaidrimh leis an saoránach** | | |
| i. Suirbhé sástachta maidir le custaiméirí na Státseirbhíse 2014 a choimisiúnú agus a thabhairt i gcrích agus torthaí an tsuirbhé a scaipeadh | R2 2014 | R4 2014 |
| ii. Tabhairt faoi shuirbhéanna ar chustaiméirí ar leibhéal na heagraíochta ar a laghad gach re bliain | R1 2014 | Leanúnach |
| iii. Cur le leibhéal an chaidrimh leis an gcustaiméir trí réimse modhanna, ina measc, tapú na meán sóisialta, deiseanna caidrimh so-iompair, grúpaí fócais / úsáideoirí, suirbhéanna, cruinnithe / seimineáir agus próisis comhairliúcháin | R1 2014 | Leanúnach |
| **1.3.5 Cuntas Bainc Caighdeánaithe** | | |
| i. Cuntas bainc caighdeánaithe a thabhairt i bhfeidhm ar fud na tíre d'fhonn feabhas a chur ar sheirbhísí airgeadais do dhaoine nach bhfuil gnáthchuntas bainc acu | R2 2014 | R3 2014 |

# 2.1 Costas na Seirbhíse Poiblí agus Táirgiúlacht

**Príomhchuspóir:** Seirbhís Phoiblí inacmhainne den táirgiúlacht, atá éifeachtach ó thaobh costais, a chur ar fáil, trí thairbhe iomlán na bhforálacha a leagtar amach i gComhaontú Bhóthar Haddington a thabhairt i bhfeidhm agus ar bhealaí eile

**Tairbhe Ionchais**

- Feabhas ó thaobh táirgiúlachta ionas go réitítear an bealach do sheirbhísí a chur ar fáil ar bhealach níos fearr
- Sábháil bhreise ó thaobh pá-rolla agus éifeachtachta a thabhairt i gcrích
- Toradh díreach maidir le sábháil costais, maidir le Ragobair agus Costas Gníomhaireachta, le theacht ó Uaireanta breise a oibriú
- Cláir athraithe a chur i bhfeidhm taobh istigh den acmhainn foirne reatha
- Athstruchtúrú eagrúcháin, i gcomhréir le riachtanais an ghnó, taobh istigh den líon laghdaithe foirne

| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
|---|---|---|
| **2.1.1 Líon na nOibrithe Seirbhíse Poiblí** | | |
| i. Creatchóras acmhainn foirne tharmligthe a fhorbairt agus a aontú maidir leis an Státseirbhís sa tréimhse tar éis na bliana 2014 | R1 2014 | R4 2014 |
| ii. Creatchóras acmhainn foirne tharmligthe a fhorbairt agus a aontú maidir leis an tSeirbhís Phoiblí arna bhunú ar lón eolais ó chóras na Státseirbhíse | R2 2015 | R4 2015 |
| iii. Creatchóras acmhainn foirne tharmligthe a thabhairt i bhfeidhm sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí | R1 2015 | R1 2016 |
| **2.1.2 An Úsáid as Uaireanta Breise faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington** | | |
| i. Cuirfidh na Ranna go léir Pleananna Feidhmiúcháin Slánchóirithe maidir leis an Athchóiriú le chéile gach bliain ina luaitear moltaí maidir le breis úsáide as uaireanta oibre breise ionas go gcinntítear an leas is mó is féidir astu, arna bhunú ar an gcur chuige i rith na sé mhí tosaigh den Chomhaontú | Leanúnach | R4 2016 |
| ii. Laghdú ar an gcaiteachas ar íocaíochtaí ragoibre trí úsáid a bhaint as uaireanta oibre breise | Leanúnach | R4 2016 |
| iii. Laghdú ar an gcaiteachas ar lucht foirne gníomhaireachtaí in earnáil na sláinte | Leanúnach | R4 2016 |
| iv. Leas a bhaint as uaireanta breise chun cuidiú le síneadh a chur le huaireanta oscailte agus feabhas a chur ar sheirbhísí teileafóin / cúram don chustaiméir | Leanúnach | R4 2016 |
| v. Leasú ar na socruithe uainchláir ar fud na n-earnálacha uile ionas go gcinntítear go dtagann an leas is fearr is féidir ó na huaireanta breise agus go mbíonn acmhainní á n-úsáid nuair is mó a bhíonn éileamh ar sheirbhísí | Leanúnach | R4 2016 |
| vi. Socruithe leasuithe maidir le Maoirseacht agus Ionadaíocht in earnáil an Oideachais a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear dóibh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R4 2016 |
| **2.1.3 Athruithe breise san ionad oibre** | | |
| i. Tograí maidir le caomhchóiriú ar ghráid i ngach earnáil a thabhairt chun cinn faoi mar a fhoráiltear dó faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R3 2014 |
| ii. Tograí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun laghdú arís ar líon an lucht bainistíochta faoi mar a fhoráiltear dó faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R1 2016 |
| iii. Leanúint de bhearta feabhais maidir le gnásanna oibre agus uainchláir a chur i bhfeidhm i ndáil le Comhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R1 2016 |
| iv. Athbhreithniú a dhéanamh ar an nGarda Síochána i ndáil le Comhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R2 2014 |

| | | |
|---|---|---|
| v. Úsáid éifeachtúil a bhaint as na socruithe imlonnaithe a leagtar amach i gComhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R1 2016 |
| vi. Córais bainistíochta feidhmíochta a thabhairt isteach san áit nach bhfuil soláthar dá leithéid faoi láthair agus treisiú leis na socruithe reatha faoi mar a fhoráiltear dó faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington | Leanúnach | R1 2016 |

# 2.2 Seirbhísí i gComhar

| |
|---|
| **Príomhchuspóir:** Leanúint de luach poiblí a fheiceáil, a sheoladh, a chothú agus a aistriú trí Chláir Seirbhísí i gComhar |

| **Tairbhe Ionchais** |
|---|
| • Lucht foirne sa tSeirbhís Phoiblí a fhágáil saor chun díriú ar réimsí níos straitéisí agus ar sheirbhísí croílárnacha<br>• Feabhas ar éifeachtúlacht seirbhísí cúloifige trína gcuirtear eolas bainistíochta tráthúil áisiúil ar fáil do dhéanamh cinntí<br>• Feabhas ar cháilíocht na seirbhíse trí chaighdeánú ar phróisis ionas gur lú castachta ag baint leo<br>• Níos mó úsáide as an teicneolaíocht d'fhonn costas a laghdú agus éifeachtacht a fheabhsú<br>• Costais oibriúcháin níos ísle trí leas a bhaint as barainneachtaí scála agus deireadh a chur le dúbailt saothair in eagraíochtaí éagsúla<br>• Slánchóiriú níos mó maidir le feidhmeanna cúloifige ar fud na Seirbhíse Poiblí |

| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
|---|---|---|
| **2.2.1. Monatóireacht chúramach agus forbairt leanúnach ar chláir Chomharsheirbhísí na Státseirbhíse mar bhonn taca faoin sainordú maidir le Seirbhísí i gComhar a thabhairt i gcrích** | | |
| i. PeoplePoint: Tabharfar aistriú 40 comhlacht scóipe chun críche i rith na bliana 2014. Cobhsaíocht, tuairisc ar bhuntáistí, tionscnaimh feabhsúcháin leanúnacha agus, de réir a chéile, custaiméirí nua a thabhairt isteach | Leanúnach | R4 2016 |
| ii. Comharsheirbhísí Pá-rolla: Ionad Comharsheirbhísí Pá-rolla a chur chun feidhme i dtrí áit (Cill Airne, Gaillimh agus Tulach Mhór) lena mbainfidh aistriú 53 chomhlacht scóipe i rith na mblianta 2014/2015; ón mbliain 2016 amach, tionscnaimh feabhsúcháin leanúnacha agus deiseanna dlúis breise ionas go n-íslítear costais agus go gcuirtear feabhas ar chaighdeán na seirbhíse | Leanúnach | R4 2016 |
| iii. Comharsheirbhísí maidir le Bainistíocht Airgeadais: Táthar ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile leis an tionscadal seo, lena n-áirítear sonraíocht maidir le riachtanais mhionsonraithe gnó Airgeadais agus tús a chur leis an dearadh ar an tseift réitigh a roghnaítear. | Leanúnach | R4 2014 |
| iv. Comharsheirbhísí Foghlama agus Forbartha: Beidh an tuarascáil bhonnlíne, ar a tabhairt chun críche, mar bhunús le staidéar féidearthachta agus cás gnó a bheidh mar lón eolais maidir leis an gcóras a roghnaítear i ndáil le Foghlaim agus Forbairt. Faoi réir ag a aontú, tosófar ar an gcóras sin a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2014 | R1 2014 | R2 2015 |
| v. Déanfaidh Oifig Phríomhoifigeach Eolais an Rialtais straitéis maidir le Comharsheirbhísí TEC a ullmhú chun bonn treise a chur faoi na seifteanna teicneolaíochta agus TE is gá chun Ionaid Comharsheirbhísí éifeachtacha críochnúla a rith | Leanúnach | R4 2014 |
| vi. Sraith nua Tograí: Déanfar feidhmeanna cúloifige agus feidhmeanna speisialta eile a mheas maidir lena n-oiriúnacht do chóras comharsheirbhísí | R1 2014 | R4 2016 |
| vii. Tuairisc ar an tairbhe: Déanfar monatóireacht ar chostas, ar thairbhe agus ar thráthanna suntasacha i dtionscadail d'fhonn cinntiú go dtarlaíonn gach cás gnó a thabhairt i gcrích go sásúil. Tabharfar tuairisc ar laghdú FTE agus ar an athstruchtúrú ar fheidhm "caomhnaithe" gach Roinn / comhlacht poiblí (atá mar chustaiméir) atá bunriachtanach maidir leis an mbuntáiste ó chomharsheirbhísí a thabhairt i gcrích | Leanúnach | R4 2016 |
| viii. Meastóireacht: Déanfar cárta scóir maidir le feidhmíocht a fhorbairt, d'fhonn súil a choinneáil ar thorthaí ardleibhéil, agus táscairí feidhmíochta mórthábhachta lena dtugtar deimhniú maidir le feidhmiúlacht na nIonad Comharsheirbhísí a fhorbairt i ngach earnáil | R2 2014 | R4 2014 |

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **2.2.2. Bainistíocht agus Maolú a dhéanamh ar Bhaol a bheadh ann do Chláir Comharsheirbhísí sa Státseirbhís** | | |
| i. Leanfar de phrionsabail dhochta maidir le Bainistíocht Cláir a chur i bhfeidhm maidir le Tionscadail Chomharsheirbhísí d'fhonn bainistíocht agus maolú a dhéanamh ar an mbaol a ghabhann le tionscadail mhóra ó thaobh moille, sárú buiséid agus leathnú scóipe | Leanúnach | R4 2016 |
| ii. Déanfaidh Bainisteoirí Tionscadail monatóireacht chúramach ar chláir caiteachais | Leanúnach | R4 2016 |
| iii. Beidh cur chuige trasrannach maidir le hacmhainní a chur ar fáil do chláir agus ionaid chomharsheirbhísí de chúram ar oifigigh SRO le cúnamh taca ó Bhoird na gClár agus ó Bhord Stiúrtha na gComharsheirbhísí | Leanúnach | R4 2016 |
| **2.2.3 An Oifig Náisiúnta Comharsheirbhísí (NSSO) a chur ar bun agus Polasaí Rialachais maidir le Comharsheirbhísí a chur i bhfeidhm** | | |
| i. Stiúrthóir a cheapadh ar an Oifig Náisiúnta Comharsheirbhísí | R2 2014 | R3 2014 |
| ii. An Oifig Náisiúnta Comharsheirbhísí a chur ar bun ar bhonn riaracháin ar dtús d'fhonn ceannródaíocht agus maoirseacht maidir le comharsheirbhísí a chur ar fáil agus polasaithe maidir le comharsheirbhísí a fhorbairt trína gcinntítear na hionaid a bheith dírithe ar sheirbhís don chustaiméir | R3 2014 | R4 2015 |
| iii. Struchtúir rialachais agus boird a chur i bhfeidhm agus faoi bhainistíocht in Ionaid Comharsheirbhísí de réir an Pholasaí Rialachais maidir le Comharsheirbhísí | Leanúnach | R4 2016 |
| iv. Aonad Baoil agus Rialála a chur ar bun taobh istigh den Oifig Náisiúnta Comharsheirbhísí agus na príomhphrionsabail a ghabhann le gnólacht ina dtuigtear baol a chur i bhfeidhm sna hIonaid Comharsheirbhísí | R3 2014 | R4 2016 |
| v. Polasaithe maidir le comharsheirbhísí a fhorbairt trína mbrostaítear leis na caighdeáin is airde a d'fhéadfaí in ionaid comharsheirbhísí agus tagarmharcáil a dhéanamh maidir leis an bhfeidhmiúchán ionas go dtugtar cultúr maidir le feabhas leanúnach chun cinn sna hionaid | R2 2014 | R4 2015 |
| **2.2.4 Cuidiú le Tograí Comharsheirbhísí Earnála in Earnáil an Oideachais, Earnáil na Sláinte agus Earnáil an Rialtais Áitiúil** | | |
| i. Tosóidh Comhairle Chontae Laoise ar Sheirbhísí Pá-rolla agus Aoisliúntais i gComhar a chur ar fáil thar ceann na n-údarás áitiúil ar fad. Ón uair a bhíonn seo i bhfeidhm go hiomlán, beidh sábháil mheasta €4.3 milliún in aghaidh na bliana i | R1 2014 | R4 2016 |
| ii. Déanfar staidéar féidearthachta agus ullmhófar cás gnó maidir le Cuntais le hÍoc in earnáil an Rialtais Áitiúil. Cuirfear tús le Céim I i rith na bliana 2014 trí na bearta feabhsúcháin is gá maidir le próisis gnó a chur i bhfeidhm agus na córais TE a nuachóiriú mar gheall ar an athrú struchtúir a tháinig de bharr *Tús Áite do na Daoine*. Le linn Chéim II, cuirfear Comharsheirbhís Cuntas Náisiúnta ar bun de réir a chéile agus athrófar go dtí Córas Airgeadais Náisiúnta | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Déanfaidh FSS staidéar féidearthachta agus ullmhófar cás gnó maidir le haon chóras airgeadais slánchóirithe amháin agus, má aontaítear é, tosófar ar a chur i bhfeidhm | Leanúnach | R4 2016 |
| iv. Déanfaidh FSS staidéar féidearthachta agus ullmhófar cás gnó maidir le Córas Earcaíochta Náisiúnta agus, má aontaítear é, tosófar ar a chur i bhfeidhm. | Leanúnach | R2 2014 |
| v. Déanfaidh FSS staidéar féidearthachta agus ullmhófar cás gnó maidir le Córas Pinsean Náisiúnta agus, má aontaítear é, tosófar ar a chur i bhfeidhm. | Leanúnach | R4 2014 |
| vi. Tabharfaidh FSS cur i bhfeidhm Chóras Pá-rolla Náisiúnta chun críche | Leanúnach | R4 2016 |
| vii. Déanfar dul chun cinn in earnáil an Oideachais maidir le Comharsheirbhís Pá-rolla do Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Le cúnamh taca ón taobh amuigh, déanfar anailís costais is tairbhe agus déanfaidh foireann faoi leith maidir le tionscadal an phá-rolla tráthchlár don chur i bhfeidhm a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Leanúnach | R4 2016 |
| viii. Déanfar measúnú in earnáil an Oideachais ar fheidhmeanna cúloifige a dhéanann eagraíochtaí de chuid na hearnála i ndáil lena n-oiriúnacht i dtimpeallacht | R1 2014 | R4 2016 |

| | | |
|---|---|---|
| ix. Tuairiscíocht tairbhe in earnáil an Oideachais: Déanfar monatóireacht ar chostas, ar thairbhe agus ar thráthanna suntasacha i dtionscadail d'fhonn cinntiú go dtarlaíonn gach cás gnó a thabhairt i gcrích go sásúil. Tabharfar tuairisc ar laghdú FTE agus ar an athstruchtúrú ar fheidhm "caomhnaithe" eagraíochtaí de chuid na hearnála | Leanúnach | R4 2016 |
| x. Déanfar cárta scóir maidir le feidhmíocht a mheas, d'fhonn súil a choinneáil ar thorthaí ardleibhéil, agus táscairí feidhmíochta mórthábhachta lena dtugtar deimhniú maidir le feidhmiúlacht na nIonad Comharsheirbhísí a fhorbairt i ngach earnáil | R2 2014 | R4 2014 |

# 2.3 Soláthar Poiblí

**Príomhchuspóir:** Athchóiriú a chur ar chúrsaí soláthair ar fud na Seirbhíse Poiblí d'fhonn sábháil shuntasach a thabhairt i gcrích don Stát, tabhairt faoin soláthar poiblí ar bhealach níos nua-aimseartha agus níos gairmiúla, an fhorbairt ar pholasaithe a thabhairt i gcomhréir le cúrsaí oibriúcháin, feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an pholasaí ó thaobh comhleanúnachais, agus aon bhaol don Stát a mhaolú.

**Tairbhe Ionchais**

- Sábháil €500 milliún a thabhairt i gcrích in imeacht na dtrí bliana seo romhainn
- Lárúchán breise agus gairmiúlacht bhreise maidir le cúrsaí soláthair ar fud na Seirbhíse Poiblí
- Cúrsaí polasaí agus oibriúcháin a thabhairt le chéile san aon oifig amháin - an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP)
- Laghdú ar dhúbailt saothair ar fud na Ranna agus na nGníomhaireachtaí
- Feabhas ar an eolas maidir le caiteachas agus ar an mbainistíocht maidir le díoltóirí

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **2.3.1 Athstruchtúrú Eagrúcháin agus Forbairt** | | |
| i. An leagan amach eagrúcháin maidir leis an Oifig um Sholáthar Rialtais a thabhairt chun críche | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Na struchtúir nua a chur i bhfeidhm | Leanúnach | R2 2014 |
| iii. Earcaíocht maidir leis na róil eile de réir mar a thagann chun tosaigh | R2 2014 | R4 2014 |
| iv. Clár oiliúna agus forbartha a chur i bhfeidhm | R1 2014 | R4 2016 |
| v. Córais maidir le creidiúnú gairmiúlachta agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do OGP a mheas agus a chur i bhfeidhm | R1 2014 | R4 2014 |
| **2.3.2 Clár Sábhála - Leagfar béim gach bliain ar réimsí den chaiteachas a ndíreofar ar shábháil a bhaint amach ina leith tríd an gclár soláthair. Déanfar tionscnaimh chun díriú ar na réimsí caiteachais sin a chur le chéile i bpunann don bhliain sin ar a dtabharfar Maidhm Soláthair.** | | |
| i. Réimsí Caiteachais faoi Mhaidhm 1 | Leanúnach | R2 2014 |
| • Catagóirí Caiteachais faoi Mhaidhm 1 a mheas agus Anailís ar Shonraíocht a dhéanamh | Leanúnach | R1 2014 |
| • Anailís ar Mhargadh na Soláthraithe a dhéanamh | Leanúnach | R1 2014 |
| • Dréacht de Straitéis Catagóra agus Aontú leis na Geallsealbhóirí | Leanúnach | R1 2014 |
| • Próiseas Tairisceana a Rith ar an Margadh | R1 2014 | R2 2014 |
| • Tionscadail Punainn a thabhairt chun críche agus na Buntáistí a Thuar | R2 2014 | R2 2014 |
| ii. Réimsí Caiteachais faoi Mhaidhm 2 | R3 2014 | R2 2015 |
| • Catagóirí Caiteachais faoi Mhaidhm 2 a mheas agus Anailís ar Shonraíocht a dhéanamh | R3 2014 | R3 2014 |
| • Anailís ar Mhargadh na Soláthraithe a dhéanamh | R3 2014 | R4 2014 |
| • Dréacht de Straitéis Catagóra agus Aontú leis na Geallsealbhóirí | R4 2014 | R4 2014 |
| • Próiseas Tairisceana a Rith ar an Margadh | R4 2014 | R2 2015 |
| • Tionscadail Punainn a thabhairt chun críche agus na Buntáistí a Thuar | R2 2015 | R2 2015 |
| iii. Réimsí Caiteachais faoi Mhaidhm 3 | R2 2015 | R1 2016 |
| • Catagóirí Caiteachais faoi Mhaidhm 3 a mheas agus Anailís ar Shonraíocht a dhéanamh | R2 2015 | R2 2015 |
| • Anailís ar Mhargadh na Soláthraithe a dhéanamh | R2 2015 | R3 2015 |
| • Dréacht de Straitéis Catagóra agus Aontú leis na Geallsealbhóirí | R3 2015 | R3 2015 |

| | | |
|---|---|---|
| • Próiseas Tairisceana a Rith ar an Margadh | R3 2015 | R1 2016 |
| • Tionscadail Punainn a thabhairt chun críche agus na Buntáistí a Thuar | R1 2016 | R1 2016 |
| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
| **2.3.3 Reachtaíocht Cumasúcháin don Oifig um Sholáthar Rialtais** | | |
| i. Dréacht de Chinn Bille a leagan amach | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Bunreachtaíocht a dhréachtú maidir leis an gcóras nua Rialachais i gcúrsaí Soláthair agus leis an Oifig um Sholáthar Rialtais | R1 2014 | R3 2015 |
| **2.3.4 Deis ag Fiontair Bheaga agus Meánmhéide ar an Soláthar Poiblí** | | |
| i. Córas rialachais agus plean rialachais a fhorbairt | R1 2014 | R2 2014 |
| ii. Bearta agus Spriocanna maidir le Rannpháirtíocht SME a fhorbairt | R1 2014 | R3 2014 |
| iii. Na príomhdheiseanna maidir le bearta sna treoracha nua maidir le soláthar a bhrostú a thabhairt faoi mheas i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontair agus Nuála, Fiontar Éireann agus InterTrade Ireland agus an cur i bhfeidhm a dhéanamh dá réir sin | Leanúnach | R3 2014 |
| iv. Treoracha nua maidir le cúrsaí soláthair a thrasuí i ndlí na hÉireann | R1 2014 | R2 2015 |
| v. Socruithe nua maidir le hócáidí Bualadh leis an gCeannaitheoir, ag teacht le córais nua OGP a thabhairt chun cinn le InterTrade Ireland | R1 2014 | R3 2014 |
| vi. An córas nua maidir le Bualadh leis an gCeannaitheoir a chur sa siúl | R4 2014 | R4 2016 |
| **2.3.5 Forbairt Chórais agus r-Sholáthar** | | |
| i. Seift thaicticiúil maidir le hanailís ar chaiteachas a chur i bhfeidhm maidir leis na Ranna caiteachais tábhachtaí | R1 2014 | R2 2014 |
| ii. Na roghanna maidir le seift straitéiseach i ndáil le hanailís chaiteachais a mheas | R1 2014 | R3 2014 |
| iii. Seift straitéiseach i ndáil le hanailís chaiteachais a chur i bhfeidhm | R4 2014 | R3 2015 |
| iv. Na roghanna maidir le hacmhainn margadh soláthair a mheas | R1 2014 | R3 2014 |
| v. An tseift maidir le margadh soláthair a chur i bhfeidhm agus a chur ar siúl | R4 2014 | R4 2016 |
| vi. Na roghanna maidir le córas Ceannacháin agus Íoca a mheas | R1 2015 | R2 2015 |
| vii. Socrú ar chóras cód d'fhonn cur i bhfeidhm seasmhach ar fud na Seirbhíse Poiblí | R1 2014 | R4 2014 |

# 2.4 An Bhainistíocht ar Shócmhainní Maoine

**Príomhchuspóir:** Bainistíocht ghairmiúil, chomhordaithe, éifeachtach a dhéanamh ar phunann maoine na Seirbhíse Poiblí ionas go mbaintear an luach is fearr as an airgead agus go bhfreastalaítear do riachtanais an ghnó agus do dhéanamh na seirbhíse

**Tairbhe Ionchais**

- Forfheabhsú ar an inniúlacht agus ar an ngairmiúlacht maidir leis an mbainistíocht ar shócmhainní maoine ar fud na Seirbhíse Poiblí
- Cur chuige níos straitéisí ag úinéirí maoine na Seirbhíse Poiblí i ndáil le pleanáil maidir le caiteachas a bhaineann le maoin sealbhais
- Scóip níos mó maidir le sábháil ó chaomhchóiriú i ndáil le réimsí mhaoin an Stáit trí chomhordú níos fearr agus bainistíocht níos fearr ar árais a roinnt agus ar árais a aistriú idir comhlachtaí poiblí
- Úsáid níos éifeachtaí agus riarachán níos caomhchóirithe maidir le punann maoine an Stáit trí chaighdeáin i gcoitinne maidir le bainistíocht ar mhaoin sealbhais agus teicneolaíocht atá éifeachtúil ó thaobh costais a úsáid maidir le stóráil sonraí ar fud na gcomhlachtaí poiblí ar fad
- Sábháil costais agus buntáistí comhshaoil ó éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **2.4.1 Cur leis an gcumas agus leis an inniúlacht straitéiseach maidir leis an mbainistíocht ar shócmhainní maoine ar fud na Seirbhíse Poiblí** | | |
| i. Athbhreithniú ó thaobh acmhainne agus inniúlachta ar bheartaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil leis na gealltanais maidir le hathchóiriú a luaitear in *Accommodating Change* a thabhairt chun críche | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Na moltaí ón athbhreithniú acmhainne agus inniúlachta a chur i bhfeidhm | R1 2014 | De réir an athbhreith-nithe |
| iii. Cáilíocht chreidiúnaithe sa bhainistíocht ar shócmhainní maoine a roghnú don fhoireann agus clár a chur i bhfeidhm ionas go mbaintear an caighdeán is gá amach ar fud na Seirbhíse Poiblí | R1 2014 | Leanúnach |
| **2.4.2 Feabhas a chur ar an bpleanáil chun cinn agus ar chomhordú na bainistíochta ar shócmhainní maoine ar fud na Seirbhíse Poiblí** | | |
| i. Teimpléad a thabhairt chun cinn a chuideoidh le Ranna pleananna bainistíochta maidir le maoin a bheith mar chuid de na Ráitis Straitéise acu. Cuideoidh sin le hOifig na nOibreacha Poiblí measúnacht níos fearr ar na riachtanais iomlána maoine a dhéanamh | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. An clár mapála ar líne maidir leis na hárais agus an talamh ar fad atá faoi úinéireacht nó ar léas ag comhlachtaí Seirbhíse Poiblí a chríochnú agus a fhoilsiú de réir mar is cuí | Leanúnach | R2 2014 |
| iii. De réir phrionsabail an Chóid Caiteachais Phoiblí, déanfaidh sealbhóirí maoine poiblí próiseas meastóireachta comhordaithe maidir le héadáil a thabhairt chun cinn i ndáil le háitribh léasachta agus ruílse agus sin a chur i bhfeidhm ar fud na Seirbhíse Poiblí, na hÚdaráis Áitiúla san áireamh | Leanúnach | R2 2014 |
| iv. Cuirfidh sealbhóirí réadmhaoine poiblí bonn foirmeálta faoi pholasaí aontaithe idir-Sheirbhísí Poiblí maidir le diúscairt a dhéanamh ar réadmhaoin Stáit farasbairr | Leanúnach | R2 2014 |
| **2.4.3 Úsáid a bhaint as caighdeáin choiteanna chun bainistíocht éifeachtach ar shócmhainní réadmhaoine a thabhairt i gcrích** | | |
| i. Cuirfidh sealbhóirí réadmhaoine ar fud na Seirbhíse Poiblí an caighdeán ISEN 15221 i bhfeidhm de réir a chéile. Leagfar amach faoin gcaighdeán sin na príomhtháscairí feidhmíochta ó thaobh cúrsaí airgeadais, spáis agus comhshaoil de, chun feidhmíocht sócmhainní a mheas. | Leanúnach | R4 2014 |

| | | |
|---|---|---|
| ii. Déanfaidh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, i gcomhairle le sealbhóirí réadmhaoine poiblí, sraith aontaithe de phrótacail chaighdeánacha (agus/nó de dhearbhuithe reachtúla, de réir mar is cuí) maidir le sócmhainn réadmhaoine a aistriú agus a roinnt idir Seirbhísí Poiblí a dhréachtadh agus a scaipeadh. | Leanúnach | Leanúnach |
| iii. Déanfar modh luachála aontaithe a thabhairt chun cinn mar chuid den pholasaí maidir le haistriú sócmhainní | Leanúnach | R1 2014 |
| iv. Leagfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí amach spriocanna maidir le gnáthnós spáis sa Státseirbhís | Leanúnach | R1 2014 |
| v. Leagfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí amach dearadh nua-aimseartha sochóirithe maidir le hionad oibre agus timpeallacht oibre níos nuálaí mar ghnáthnós cóiríochta don Státseirbhís | Leanúnach | R1 2014 |
| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
| **2.4.4 Caomhchóiriú ar an riarachán maidir le bainistíocht ar shócmhainní réadmhaoine** | | |
| i. Déanfaidh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, i gcomhairle le sealbhóirí réadmhaoine poiblí, téarmaí pro forma atá inghlactha ag an Stát nuair a bhíonn cóiríocht oifige á tógáil ar léas tráchtála a dhréachtadh | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Déanfaidh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, i gcomhairle le sealbhóirí réadmhaoine poiblí, téarmaí pro forma le cur i léasanna agus i gceadúnais a thugtar don tríú páirtí a dhréachtadh | Leanúnach | R1 2014 |
| iii. Sonróidh sealbhóirí réadmhaoine poiblí punann áitribh an Stáit nach mór a gclárú leis an Údarás Clárúcháin Maoine agus leagfar síos spriocanna bliantúla maidir leis an réadmhaoin sin a chlárú | Leanúnach | R1 2014 |
| iv. Sonróidh sealbhóirí réadmhaoine poiblí clár oibre chun éadáil a dhéanamh ar an leas ruílse i réadmhaoin a bhfuil seilbh léasachta go fadtéarmach uirthi, agus aird ar fhorálacha na reachtaíochta | Leanúnach | Leanúnach |
| **2.4.5 Costas réadmhaoine sa tSeirbhís Phoiblí a ísliú trí bhainistíocht níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar áiseanna** | | |
| i. Oibreoidh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) leis na sealbhóirí réadmhaoine poiblí go léir chun an costas a bhaineann le conarthaí reatha maidir le bainistíocht áiseanna sheachtrach a ísliú trí straitéisí soláthair, mar shampla bainistíocht ar an éileamh, athrú sonraíochta, comhthiomsú, athruithe ar an gcóras tráchtála, etc | R1 2014 | R4 2016 |
| **2.4.6 Sábháil costais agus buntáistí comhshaoil a thabhairt i gcrích trí éifeachtúlacht fuinnimh** | | |
| i. Roghnóidh Oifig na nOibreacha poiblí agus sealbhóirí réadmhaoine 500 foirgneamh breise ar fud na Seirbhíse Poiblí a bheidh páirteach sa chéad chéim eile den fheachtas Optimising Power @Work | Leanúnach | Leanúnach |
| ii. Oibreoidh Oifig na nOibreacha poiblí agus sealbhóirí réadmhaoine chun a chinntiú go sásaítear na spriocanna 2020 a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus i dTreoir an AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a oiread agus a bhaineann siad leis an mbainistíocht ar phunann réadmhaoine na Seirbhíse Poiblí | Leanúnach | Leanúnach |

# 2.5 Athchóiriú maidir leis an gCaiteachas Poiblí

**Príomhchuspóir:** Forfheabhsú ar an bpróiseas cinntí maidir le leithdháileadh acmhainní trí fheabhas a chur ar an scrúdú leanúnach agus an luacháil a dhéantar maidir leis an gcaiteachas poiblí

**Tairbhe Ionchais**

- Cinntí níos fearr maidir le leithdháileadh acmhainní trí fheabhas maidir le bailiú eolais
- Cumas níos fearr anailís agus luacháil a dhéanamh ar bheartais sa tSeirbhís Phoiblí
- Níos mó cuntasachta leis an Oireachtas i ndáil le caiteachas sa tSeirbhís Phoiblí
- Feabhas ó thaobh oiread agus caighdeán an eolais phoiblí a chuirtear ar fáil don saoránach, do ghnólachtaí agus do gheallsealbhóirí eile

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **2.5.1 Forbairt leanúnach ar an inniúlacht maidir le hanailís agus luacháil beartais sa tSeirbhís Phoiblí** | | |
| i. Oiliúint agus ábhar treorach a chur ar fáil i ndáil leis an gCód Caiteachais Phoiblí nua | Leanúnach | R4 2014 |
| **2.5.2 Cur i bhfeidhm leanúnach maidir le buiséadú feidhmíochta** | | |
| i. Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas a thabhairt chun críche agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreatchóras d'Infheistíocht Caipitil | R2 2014 | R4 2014 |
| ii. IrelandStat, an láithreán gréasáin dírithe ar an saoránach ar a dtugtar eolas faoi fheidhmíocht na Seirbhíse Poiblí, a leathnú amach go dtí na Ranna Stáit ar fad | Leanúnach | R2 2014 |
| iii. Forfheabhsú breise ar IrelandStat trí chur leis an bhfeidhmiúlacht agus leis an bhfaisnéis | R3 2014 | Leanúnach |
| iv. Leanúint den chúnamh taca do Sheirbhís Thithe an Oireachtais maidir le próiseas buiséid iomlán na bliana a chur i bhfeidhm | R1 2014 | Leanúnach |
| **2.5.3 Cuntasaíocht Fabhrúcháin a chur i bhfeidhm** | | |
| i. Tá páipéar scóipeála agus comhairliúchán le geallsealbhóirí ar bun d'fhonn togra agus tráthchlár a chur le chéile d'athrú go dtí cuntasaíocht fabhrúcháin i ndáil le Ranna agus Oifigí Rialtais. Tabharfar san áireamh maidir leis an tráthchlár tionscnamh reatha an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Caighdeáin Cuntasaíochta Eorpacha don Earnáil Phoiblí (EPSAS) a thabhairt isteach chomh maith le cora nua maidir le Tionscadal Chomharsheirbhísí maidir le Bainistíocht Airgeadais, na moltaí i dTuarascáil Measúnachta an IMF maidir le Follasacht i gcúrsaí Airgeadais agus cora nua eile atá ag teacht chun cinn go hidirnáisiúnta | Leanúnach | R4 2014 |
| ii. Tiocfaidh bearta na mblianta dár gcionn faoi thionchar thoradh an phróisis thuas. Is é an tráthchlár atá beartaithe maidir le EPSAS go mbeadh creatrialachán á chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i ndeireadh na bliana 2014 nó go luath sa bhliain 2015 | R4 2014 | Leanúnach |

# 3.1 Ionracas, Follasacht agus Cuntasacht

| |
|---|
| **Príomhchuspóir:** Treisiú in athuair le socruithe rialachais follasacha, cuntasacha agus eiticiúla in Éirinn maidir le hoibriú an Rialtais agus na Seirbhíse Poiblí araon, d'fhonn muinín a chothú sa Rialtas agus i bhforais an Stáit |
| **Tairbhe Ionchais** |

- Breis follasachta ó thaobh an tsaoránaigh de maidir le hobair an Rialtais agus na Seirbhíse Poiblí
- Breis muiníne sa Rialtas agus i bhforais an Stáit, trí bhreis sonraí poiblí a bheith ar fáil ar bhealach níos áisiúla
- Socruithe níos déine maidir le cuntasacht agus rialachas poiblí

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **3.1.1 Reachtaíocht a dhréachtadh, a achtú agus a chur i bhfeidhm maidir le Stocaireacht a Rialáil** | | |
| i. Bille a dhréachtadh | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Bille a achtú | R1 2014 | R2 2014 |
| iii. An réimeas rialúcháin a chur i bhfeidhm | R2 2014 | Leanúnach |
| **3.1.2 Bearta dochta a thabhairt chun cinn trína dtreisítear le cuntasacht sa státseirbhís agus bearta reachtaíochta agus eile a ghabhann leis sin a thabhairt i gcrích mar bhonn taca faoin athchóiriú** | | |
| i. Painéal Neamhspleách a chur ar bun agus bainistíocht a dhéanamh ar Phróiseas Comhairliúcháin | R1 2014 | R2 2014 |
| ii. Moltaí don Rialtas a ullmhú agus a fhoilsiú | R2 2014 | R3 2014 |
| **3.1.3 Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Páirtnéireacht an Rialtais Oscailte a thabhairt chun cinn agus a gcur i bhfeidhm a chinntiú ar bhonn leanúnach dhá bhliain an ceann d'fhonn cur leis an rialtas oscailte in Éirinn, oibriú i gcomhar agus i gcomhairle le leasa na sochaí sibhialta ar bhonn leanúnach** | | |
| i. Anailís ar an tuarascáil ar chomhairliúchán leis an tsochaí shibhialta agus ar aighneachtaí | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a thabhairt chun críche | Leanúnach | R1 2014 |
| iii. Comhdháil Eorpach a eagrú agus a riar | R1 2014 | R2 2014 |
| **3.1.4 Reachtaíocht a achtú agus a chur i bhfeidhm maidir le Nochtadh Cosanta, brostú le tuiscint ar an gcosaint faoin Acht agus ar oibriú an Achta** | | |
| i. Rith na reachtaíochta tríd an Dáil agus an Seanad a thabhairt chun críche | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Oibriú leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais chun Cód Cleachtais reachtúil a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na reachtaíochta sa tSeirbhís Phoiblí | Leanúnach | R2 2014 |
| iii. Maoirseacht ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta sa tSeirbhís Phoiblí | R2 2014 | R4 2014 |
| **3.1.5 Reachtaíocht a achtú agus a chur i bhfeidhm maidir le Saoráil Faisnéise agus Cód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm** | | |
| i. Rith an Bhille FOI tríd an Dáil agus an Seanad a thabhairt i gcrích | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm FOI a thabhairt chun críche agus Cód Cleachtais maidir le FOI a chur i bhfeidhm, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, a chur le chéile | Leanúnach | R1 2014 |
| iii. Athbhreithniú ar lámhleabhair agus ar nótaí treorach maidir le FOI agus a leasú d'fhonn a dtabhairt i gcomhréir leis an Acht FOI nua agus freastal do riachtanais/cheisteanna de réir mar a thagann chun cinn | R1 2014 | R2 2014 |
| iv. Creatchóras Náisiúnta Oiliúna agus Feasachta maidir le FOI a thabhairt chun cinn | R1 2014 | R2 2014 |
| v. Comhairle polasaí agus ceannródaíocht maidir le FOI a chur ar fáil in éineacht le gréasáin FOI | Leanúnach | Leanúnach |

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **3.1.6 Creatchóras reachtaíochta athchóirithe maidir le cúrsaí Eitice a thabhairt chun cinn ionas go gcinntítear breis follasachta agus cuntasacht sa saol poiblí in Éirinn** | | |
| i. Cinn Scéim Ghinearálta Bhille Eitice slánchóirithe a dhréachtadh | Leanúnach | R2 2014 |
| ii. An Bille a dhréachtadh | R3 2014 | R4 2014 |
| iii. An Bille a rith tríd an Oireachtas | R4 2014 | R1 2015 |
| **3.1.7 Leathnú leis an réimse a thagann faoi scáth an Ombudsman agus an reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise ionas go dtagann comhlachtaí a dtugtar cistí suntasacha dóibh faoina scáth. Sonraí agus tráthanna maidir leis an Ombudsman thíos agus bheadh patrún den chineál céanna i gceist le Saoráil Faisnéise ina dhiaidh sin** | | |
| i. Critéir maidir le roghnú na gcomhlachtaí a fhorbairt/shocrú go críochnúil | R3 2014 | R4 2014 |
| ii. Dul i gcomhairle leis na Ranna lena mbaineann maidir le comhlachtaí a ainmniú | R4 2014 | R2 2015 |
| iii. Dul i gcomhairle leis an gCoiste Oireachtais lena mbaineann agus Ordú Aire a ullmhú de réir mar is gá faoin dlí | R2 2015 | R4 2015 |
| **3.1.8 An clár maidir le hAthchóiriú an Dlí Reachtúil a chur chun cinn - dréachtú ar roinnt billí leasaithe maidir le dlí reachtúil. Ní mór athbhreithniú maidir leis na hacmhainní don chlár má tá reachtaíocht de chuid na linne le tabhairt i gcrích taobh istigh de thréimhse réasúnta** | | |
| i. An chéad Bhille eile a dhréachtadh | Leanúnach | R1 2014 |
| ii. An chéad Bhille eile a achtú | R1 2014 | R2 2014 |
| iii. An obair ar Bhillí ina dhiaidh sin a chur chun cinn | Leanúnach | Leanúnach |

# 4.1 Ceannródaíocht

**Príomhchuspóir:** Treisiú leis an mbainistíocht agus leis an gceannasaíocht ar fud na Státseirbhíse, agus ar fud na Seirbhíse Poiblí i ndeireadh báire, agus dream ceannródaíochta ardfheidhme a thabhairt chun cinn mar acmhainn corparáide i bpáirt, feabhas a chur ar an obair i gcomhar idir eagraíochtaí, nuáil a spreagadh agus forbairt phearsanta agus ghairmiúil leanúnach a chothú

**Tairbhe Ionchais**

- Acmhainn ceannródaíochta níos fearr ó thaobh an duine aonair agus na heagraíochta agus rialachas níos éifeachtúla ag leibhéil shinsearacha
- Cumas breise an fheidhmíocht ag leibhéal sinsearach a shainsonrú, a mheas, monatóireacht a dhéanamh ina Leith
- agus bonn taca a chur fúithi
- Córais foghlama agus tacaíochta inmharthana a chruthú, chomh maith le cultúr an chomhair a chothú
- Scileanna a mheaitseáil le riachtanais eagraíochta agus bonn treise a chur faoi fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil leanúnach
- Ceannasaithe ionchais a thabhairt chun suntais agus a fhorbairt

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **4.1.1 Acmhainn ceannasaíochta** | | |
| i. Straitéis Fhorbairt Cheannródaíochta 2013-2015 na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí (SPS) a chur i bhfeidhm | Leanúnach | R4 2015 |
| ii. Bonn treise a chur faoi chur i bhfeidhm leanúnach na gclár cóitseála agus thionscnaimh eile forbartha | R1 2014 | Leanúnach |
| iii. Na tionscnaimh sin a leathnú amach nuair is cuí go dtí leibhéil shinsearacha na Seirbhíse Poiblí i gcoitinne | R4 2014 | Leanúnach |
| iv. Cinntiú go gcuirtear chuig creatchóras forfheabhsaithe maidir le bainistíocht feidhmíochta agus na bearta taca atá ar fáil faoi Straitéis Fhorbairt Cheannródaíochta 2013-2015 SPS, a mbeidh creatchórais inniúlachta nuashonraithe mar bhonn taca fúthu, a chur i bhfeidhm ar bhealach slánchóirithe | R3 2014 | Leanúnach |
| **4.1.2 Cúrsaí Feidhmíochta** | | |
| i. Treisiú le cultúr ardfheidhmíochta ag leibhéil shinsearacha trí chreatchóras éifeachtúil don bhainistíocht feidhmíochta ag leibhéil shinsearacha sa Státseirbhís a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Beidh mar chuid de sin comhaontuithe feidhmíochta a thabhairt chun cinn, i gcomhréir le Comhaontú Bhóthar Haddington | R3 2014 | Leanúnach |
| ii. An creatchóras conarthaí do státseirbhísigh shinsearacha a scrúdú d'fhonn treisiú le cur chuige éifeachtúil maidir le bonn taca a chur faoin ardfheidhmíocht | R3 2014 | R2 2015 |
| **4.1.3 Pleanáil Comharbachta** | | |
| i. Cuidiú le pleanáil comharbachta trí chóitseáil SPS agus cláir bainisteoirí sinsearacha a chur ar fáil do cheannasaithe ionchais, i measc bearta eile | R4 2014 | Leanúnach |
| **4.1.4 Gluaisteacht** | | |
| i. Abhreithniú a dhéanamh ar Phrótacal Gluaisteachta agus moltaí a thabhairt chun cinn d'fhonn bonn a chur faoin ngluaisteacht mar ghnáthnós ag na leibhéil shinsearacha | R2 2014 | R4 2014 |
| ii. Clár píolótach a thabhairt isteach maidir le gluaisteacht ar leibhéal an Phríomhoifigigh | R4 2014 | Leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| iii. Roghanna a scrúdú maidir le húsáid fhorbheartach a bhaint as breis gluaisteachta ag leibhéil sinsearacha chun díriú ar bhearnaí inniúlachta ar Bhord Bainistíochta gach Roinn Rialtais agus cinntiú go mbíonn sciar suntasach de chomhaltaí gach Bord a bhfuil taithí acu ar leibhéal sinsearach taobh amuigh den Roinn áirithe sin | R1 2015 | Leanúnach |

# 4.2. Athchóiriú ar an mBainistíocht Acmhainní Daonna

**Príomhchuspóir:** Straitéis HR chomhleanúnach a fhorbairt lena mbainfidh polasaithe atá dírithe ar an gcumas agus ar an inniúlacht a fhorbairt atá de dhíth i gcomhthéacs seirbhíse poiblí nua-aimseartha ilghnéitheach. Beidh córais agus polasaithe mar chuid den Straitéis HR freisin atá dírithe ar chultúr ardfheidhme ar fud na Seirbhíse Poiblí (I gcomhthéacs na Státseirbhíse a leagtar amach na bearta sa roinn seo den chuid is mó, ach baineann na príomhphrionsabail leis na hearnálacha eile ar fad freisin)

**Tairbhe Ionchais**

- Feabhas ó thaobh cumais agus scileanna ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí
- Cultúr ardfheidhmíochta a thabhairt chun cinn
- Feabhas ó thaobh acmhainn Bainistíochta Acmhainní Daonna ar fud an chórais
- Cumas breise agus gairmiúlacht bhreise maidir le feidhm HR sa tSeirbhís Phoiblí

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **4.2.1 Treisiú leis an bpolasaí acmhainní ionas go gcinntítear na daoine cearta sna háiteanna cearta na tráthanna cearta trí phleanáil éifeachtúil maidir leis an ionad oibre ar fud na Státseirbhíse. Tiocfaidh san áireamh leis sin:** | | |
| i. An Tionscnamh Pleanála maidir leis an Lucht Saothair a chur i bhfeidhm go leanúnach ar fud na Ranna agus na nOifigí Rialtais | Leanúnach | Leanúnach |
| ii. Polasaí acmhainní slánchóirithe a thabhairt i bhfeidhm sa Státseirbhís i ndáil leis na | | |
| • Earcaíocht agus ardú céime | R1 2014 | Leanúnach |
| • Gluaisteacht | R1 2014 | R3 2014 |
| • Bainistíocht cumais agus prótacail maidir le pleanáil comharbachta | R1 2015 | R4 2016 |
| iii. Roghanna a thabhairt chun cinn maidir le díshrathú an lucht saothair | R1 2014 | R4 2014 |
| **4.2.2 Cur leis an Inniúlacht trí dhíriú ar:** | | |
| i. Foghlaim agus forbairt - tionscadal comharsheirbhísí foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm | R1 2014 | Leanúnach |
| ii. Clár Píolótach maidir le Meantóireacht | R2 2014 | R2 2015 |
| iii. Treisiú leis an acmhainn ceannródaíochta agus bainistíochta | R1 2014 | Leanúnach |
| **4.2.3 Treisiú le cultúr feidhmíochta** | | |
| i. Feabhas leanúnach ar chórais bainistíochta maidir le feidhmíocht | Leanúnach | R4 2014 |
| ii. Athbhreithniú ar an gcreatchóras bainistíochta maidir le meathfheidhmíocht | R1 2014 | Leanúnach |
| **4.2.4 Cumasú agus tacaíocht maidir le HR straitéiseach** | | |
| i. Comharsheirbhís HR a chur ar bun agus obair idirbheartaíochta a athrú ó na haonaid HR caomhnaithe. Tugtar sonraí níos mine faoi seo i Roinn 2.2 den Phlean Gníomhaíochta | | |
| ii. Tionscadal maidir le HR caomhnaithe a chur ar bun mar chuidiú le Ranna agus iad ag athrú go dtí Comharsheirbhís HR agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an tsábháil dá bharr sin | Leanúnach | R4 2015 |
| iii. Straitéis HR a fhorbairt don Státseirbhís | R3 2014 | Leanúnach |
| iv. Scéim nua Saoire Breoiteachta a chur i bhfeidhm don tSeirbhís Phoiblí agus athbhreithniú a dhéanamh ina leith | Leanúnach | R2 2015 |
| v. Comhdhlúthú a dhéanamh ar pholasaithe HR go mbíonn ina chóras de pholasaithe agus de phróisis shimplithe chaomhchóirithe | R1 2014 | Leanúnach |
| vi. Slí bheatha / oiliúint a thabhairt chun cinn maidir le HR | R1 2015 | Leanúnach |
| vii. Athbhreithniú / Struchtúir oiriúnacha a fhorbairt maidir le HR straitéiseach a thabhairt i | R1 2015 | Leanúnach |

# 4.3 Feidhmíocht Eagrúcháin

**Príomhchuspóir:** Cur leis an bhfeidhmiúchán in eagraíochtaí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí ionas go gcinntítear go dtugtar an toradh is fearr is féidir i gcrích

**Tairbhe Ionchais**

- Béim níos mó ó thaobh eagraíochta ar fheidhmíocht agus ar thorthaí saothair, feabhas ó thaobh pleanála agus bainistíocht feidhmíochta san áireamh
- Ráitis níos soiléire faoi bhearta tús áite eagraíochtaí agus breis cuntasachta maidir le haidhmeanna gnó agus straitéiseacha a thabhairt i gcrích
- Atheagar ar eagraíochtaí nuair is gá, ag teacht leis na riachtanais gnó agus taobh istigh den líon laghdaithe ball foirne

| **Bearta as seo go ceann trí bliana** | **Tús** | **Críoch** |
|---|---|---|
| **4.3.1 Ráitis Straitéise agus Buiséadú Feidhmíochta** | | |
| i. Foilseoidh na Ranna / na hOifigí móra Rialtais Ráiteas Straitéise i gcomhréir leis na tráthanna a leagtar síos san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 | Gach 3 bliana | Gach 3 bliana |
| ii. Treoirlínte leasaithe a thabhairt chun cinn maidir le Ráitis Straitéise a fhoilsiú ionas go gcinntítear gur fearr a thagann siad leis an ord tábhachta agus gur mó a bhíonn siad dírithe ar thorthaí mórthábhachta | R1 2014 | R2 2014 |
| iii. Ba cheart na próisis maidir leis an Ráiteas Straitéise agus an Phleanáil Gnó a bheith slánchóirithe go hiomlán leis an bpróiseas maidir le buiséadú feidhmíochta agus leis an tionscnamh Ireland Stat a bhaineann leis sin (féach freisin na bearta Athchóiriúcháin maidir leis an gCaiteachas Poiblí) | Leanúnach | Leanúnach |
| **4.3.2 Gníomhaireachtaí Stáit** | | |
| i. An Clár Cuíchóirithe maidir leis na Gníomhaireachtaí Stáit a thabhairt chun críche | Leanúnach | R3 2014 |
| ii. Ba cheart do gach Roinn cinntiú go bhfuil Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse (SLA) cuí nó a gcomhionann ar bun leis na Gníomhaireachtaí Stáit a thagann faoina | Leanúnach | Leanúnach |
| iii. Cód Cleachtais leasaithe maidir le Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit a chur le chéile | Leanúnach | R1 2014 |
| **4.3.3 Feabhas ar Phróisis Gnó** | | |
| i. Tionscnaimh maidir le feabhas ar phróisis gnó (BPI) a thabhairt i bhfeidhm sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | R1 2014 | R4 2016 |
| ii. Comhairle a chur ar Ranna, Oifigí agus Gníomhaireachtaí eile faoi BPI, athbhreithniú cumais agus bainistíocht athraithe | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Bainistíocht a dhéanamh ar Líonra BPI ar fud na Seirbhíse Poiblí agus soirbhiú do chomhar-roinnt chásanna staidéir BPI, lón foghlama ó dhreamanna eile, uirlisí agus teicnící coiteanna, sárchleachtas agus deiseanna caidrimh | R1 2014 | R4 2016 |
| iv. Bainistíocht a dhéanamh i ndáil le láithreán gréasáin BPI | R1 2014 | R4 2016 |
| v. Comhdháil bhliantúil BPI a riar ionas go gcuirtear an sárchleachtas in iúl go tréan | R1 2014 | R4 2016 |
| **4.3.4 Bainistíocht maidir le Cúrsaí Baoil** | | |
| i. Ba cheart próisis bainistíochta fhoirmiúla maidir le cúrsaí baoil a bheith ar bun i ngach comhlacht poiblí agus ba cheart go háirithe bainistíocht maidir le baol a chóiriú mar dhlúthchuid de na córais pleanála gnó | Leanúnach | Leanúnach |
| ii. Ba cheart cur chuige dian maidir le bainistíocht cúrsaí baoil a bheith ag baint, mar chuid den mhodh oibre bainistíocht tionscadail, le gach tionscadal faoin bPlean | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Treoirlínte do Ranna / Oifigí Rialtais faoi Bhainistíocht maidir le cúrsaí Baoil a leasú | R2 2014 | R3 2014 |

# 4.4 An tAthchóiriú a thabhairt i gcrích

**Príomhchuspóir:** Cinntiú go ndéantar na gealltanais maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí sa Phlean Athchóirithe seo a chur i bhfeidhm le linn an tráthchlár a leagtar amach agus go dtugtar an tairbhe ionchais i gcrích

**Tairbhe Ionchais**

- Seirbhís agus éifeachtacht níos fearr a thabhairt i gcrích sa tSeirbhís Phoiblí in imeacht na dtrí bliana atá romhainn, trí Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm
- Athchóiriúchán a spreagadh ar fud réimsí uile na Seirbhíse Poiblí agus monatóireacht ina leith
- Béim mhór a choinneáil ar an gcur i bhfeidhm, go lárnach agus ar fud earnálacha uile na Seirbhíse Poiblí
- Cumarsáid níos fearr maidir leis na haidhmeanna agus na freagrachtaí a bhaineann le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí

| Bearta as seo go ceann trí bliana | Tús | Críoch |
|---|---|---|
| **4.4.1 Cur leis an gcumas agus leis an acmhainn críochnúlachta ar fud na Seirbhíse Poiblí** | | |
| i. Cinntiú go mbíonn ról tréan ag an Oifig Athchóirithe agus Tabhairt i gCrích maidir le hacmhainn cumais a fhorbairt agus an sárchleachtas a scaipeadh ar fud na meithle athchóiriúcháin sna Ranna / Oifigí ar fad | R1 2014 | Leanúnach |
| ii. Leanúint den acmhainn cumais agus inniúlachta maidir le hathchóiriúchán a fhorbairt sna Ranna, Oifigí agus Earnálacha, trí shocruithe diana maidir le bainistíocht cláir, deiseanna foroiliúna a a chur ar fáil, agus eile | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Cinntiú go mbíonn dóthain acmhainní á gcur ar fáil do mheithle athchóiriúcháin sna Ranna / Oifigí chun a gcuid róil mórthabhachtacha i mbun ceannródaíochta agus comhordúcháin ar an gcur i bhfeidhm a thabhairt i gcrích | R1 2014 | Leanúnach |
| **4.4.2 Cinntiú go mbíonn córais rialachais éifeachtúla ar bun trína gcuirtear an t-athchóiriú chun cinn** | | |
| i. Leanúint de chuidiú leis an gCoiste Comhaireachta maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí maidir le hord tábhachta straitéiseach don athchóiriú a leagan amach agus gnéithe cuntasachta maidir leis an gclár athchóiriúcháin a bhrú chun cinn | R1 2014 | R4 2016 |
| ii. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialachais don athchóiriú i gcoitinne a cuireadh ar bun faoin gcéad Phlean Athchóiriúcháin ionas go gcinntítear go sásaítear na riachtanais leanúnacha | R2 2014 | R2 2014 |
| iii. Machnamh a dhéanamh maidir le dearcadh ón taobh amuigh ar thabhairt i bhfeidhm an athchóiriúcháin a thabhairt san áireamh, lena mbainfeadh roghanna éagsúla, ina measc daoine seachtracha a ainmniú ar an gcóras rialachais reatha nó Bord Comhairleach seachtrach maidir leis an Athchóiriúchán a bhunú | R2 2014 | R2 2014 |
| iv. Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe maidir le bainistíocht agus rialachas cláir i ngach ceann de na ceithre phríomhhearnáil ionas go gcinntítear go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir | R2 2014 | R3 2014 |
| v. Leanúint den chóras maidir le Úinéirí Freagracha Sinsearacha, Bainisteoirí Tionscadail agus Boird Cláir a úsáid do thograí móra faoin bPlean Athchóiriúcháin | R1 2014 | R4 2016 |
| **4.4.3 Pleanáil agus tuairiscíocht éifeachtúil ar an Athchóiriú a chinntiú** | | |
| i. Déanfaidh gach Roinn / Oifig mhór Plean Slánchóirithe maidir leis an Athchóiriú a Thabhairt i gCrích a ullmhú gach bliain | R1 2014 | R4 2016 |
| ii. Tuairisc a thabhairt go rialta don Choiste Comhaireachta agus ar leibhéil rialachais eile faoi chur i bhfeidhm an Phlean Athchóiriúcháin agus Chomhaontú Bhóthar Haddington | R1 2014 | R4 2016 |
| iii. Tuarascáil faoin dul chun cinn maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí a fhoilsiú gach bliain | R4 2014 | R4 2016 |

| 4.4.4 Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh maidir le clár Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí | | |
|---|---|---|
| i. Plean cuimsitheach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach mar bhonn taca faoi chur i bhfeidhm na maidhmeanna athchóiriúcháin nua | R1 2014 | R4 2014 |
| ii. Úsáid a bhaint as tairseach gréasáin na hOifige Athchóiriúcháin mar stórlann thábhachtach uirlisí maidir le hathchóiriú a thabhairt i bhfeidhm agus mar fhoinse eolais ag seirbhísigh poiblí | R1 2014 | R4 2016 |